Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2021
(OR. en)

14594/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0365 (COD)**

PROCIV 160
ENV 956
JAI 1329
SAN 717
COSI 243
CHIMIE 124
ENFOPOL 481
RECH 549
CT 166
DENLEG 97
COTER 164
RELEX 1041
ENER 539
HYBRID 76
TRANS 720
CYBER 319
TELECOM 450
ESPACE 121
ATO 88
CSC 427
ECOFIN 1194

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14262/20 + ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil<br>– Cur Chuige Ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 16 Nollaig 2020, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil ("an Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil")[1] lena dtugtar aghaidh ar an ngá atá le leochaileachtaí na n-eintiteas criticiúil atá bunriachtanach d'fheidhmiú an gheilleagair a laghdú. Is é is aidhm don togra an Treoir atá ann faoi láthair maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú ('Treoir ECI') a aisghairm agus Treoir eile a chur in ionad[2].

[1] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil. 14262/20 + ADD 1

[2] Treoir ón gComhairle 2008/114/CE an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú.

2. Is é atá sa togra freagairt an Choimisiúin ar bhearta a iarradh sna conclúidí ón gComhairle maidir le hiarrachtaí comhlántacha chun athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac, a glacadh an 10 Nollaig 2019[3].

3. Is bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) atá an togra sin. Féachtar ann le feabhas a chur ar athléimneacht na n-eintiteas criticiúil a sholáthraíonn seirbhísí atá riachtanach le haghaidh feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha sa mhargadh inmheánach.

4. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an coiste atá freagrach as an togra. Ghlac Coiste LIBE tuarascáil an Rapóirtéara an 18 Deireadh Fómhair 2021 (a formheasadh sa suí iomlánach an 20 Deireadh Fómhair 2021)[4].

5. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 27 Aibreán 2021[5].

6. I mí Feabhra 2021, chinn Coiste na mBuanionadaithe dul i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún maidir leis an togra. Ghlac Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim uaidh an 1 Iúil 2021[6].

7. Ghlac an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim an 13 Lúnasa 2021[7].

8. Pléadh an togra le haghaidh Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil na nAirí Gnóthaí Baile a bhí ar siúl an 12 Márta 2021 agus ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile a bhí ar siúl an 7-8 Meitheamh 2021. Sa dá chás, bhí malartú tuairimí ag na hairí i seisiún poiblí bunaithe ar dhoiciméid chomhairleacha de chuid na hUachtaránachta[8]. Ba dhíol sásaimh do na hairí príomhchuspóirí an togra, lena n-áirítear an cuspóir foriomlán athléimneacht an Aontais a fheabhsú, mar aon le huaillmhian raon feidhme na Treorach roimhe seo (Treoir ECI) a mhéadú.

[3] 14972/19
[4] A9-0289/2021
[5] 8416/21
[6] 10580/21
[7] 11280/21
[8] 6630/21, 8969/21

9. I gconclúidí an 21-22 Deireadh Fómhair 2021 uaithi, d'iarr an Chomhairle Eorpach go gcuirfí chun cinn an obair ar an togra le haghaidh Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil[9].

10. Léirítear na hathruithe ar an téacs atá i gceangal leis seo le **<u>cló trom agus líne fúthu</u>** agus [...] i gcomparáid leis na codanna ábhartha den togra ón gCoimisiún.

## II. <u>OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE</u>

11. Sa Chomhairle, rinneadh an togra a scrúdú i bhfoirmíocht shonrach den Mheitheal um Chosaint Shibhialta, atá tiomnaithe don Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil (dá ngairtear anseo feasta: PROCIV CER). Cuireadh tús leis an scrúdú ar an togra le linn Uachtaránacht na Portaingéile an 18 Feabhra, nuair a thíolaic an Coimisiún an togra agus measúnú tionchair ar an togra agus thug sé míniú cuimsitheach ar na ceisteanna ginearálta a chuir na Ballstáit.

12. Le linn Uachtaránacht na Portaingéile, tionóladh 7 gcinn de chruinnithe neamhfhoirmiúla de chomhaltaí PROCIV CER, a bhí dírithe ar chur i láthair agus ar léamh an togra. Cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht, lena leagtar amach an obair a rinneadh i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle agus lena dtugtar cuntas ar an staid mar atá i ndáil leis an scrúdú ar an togra, faoi bhráid na Comhairle CGB an 7-8 Meitheamh 2021[10].

13. Leanadh den obair sin le linn Uachtaránacht na Slóivéine agus é mar chuspóir aici Cur Chuige Ginearálta a ghlacadh roimh dheireadh 2021. Thiomnaigh Uachtaránacht na Slóivéine cúig cinn de chruinnithe neamhfhoirmiúla de chomhaltaí PROCIV CER don phlé ar shé chomhréiteach ón Uachtaránacht i ndáil leis an Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil. Anuas air sin, d'eagraigh an Uachtaránacht roinnt mhaith pléití neamhfhoirmiúla déthaobhacha leis na Ballstáit. Cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht, lena leagtar amach an obair a rinneadh i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle agus lena dtugtar cuntas ar an staid mar atá i ndáil leis an scrúdú ar an togra, faoi bhráid na Comhairle CGB an 9-10 Nollaig 2021[11].

---

[9] EUCO 17/21
[10] 8969/21
[11] 14352/21

14. Faoi Uachtaránacht na Slóivéine, díríodh sa phlé ag cruinnithe neamhfhoirmiúla chomhaltaí PROCIV CER, *inter alia*, ar oiriúnacht an bhunúis dlí, an clásal eisiaimh maidir leis an tslándáil agus an chosaint náisiúnta, córas coibhéise, a bhfuil i straitéisí agus i measúnuithe riosca a bheidh le forbairt ag na Ballstáit agus ag eintitis chriticiúla, an próiseas chun eintitis chriticiúla a shainaithint, na bearta athléimneachta atá le glacadh ag eintitis chriticiúla, an comhar idir na Ballstáit, seiceálacha cúlra agus an próiseas sainaitheantais agus na misin chomhairleacha maidir leis na heintitis chriticiúla a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leo. Saincheist thábhachtach eile a pléadh sa díospóireacht, ba ea idirghníomhaíocht Threoir CER le reachtaíocht eile de chuid an Aontais, go háirithe leis an togra le haghaidh Treoir maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann ar fud an Aontais (‘Treoir NIS 2’) agus leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le hathléimneacht oibríochtúil dhigiteach don earnáil airgeadais (‘Rialachán DORA’).

15. Ar an iomlán, sé cinn de thograí comhréitigh i bpáirt nó ina n-iomláine, bunaithe ar na barúlacha i scríbhinn agus ar na páipéir leathoifigiúla a fuarthas ó na Ballstáit, a d’ullmhaigh Uachtaránacht na Slóivéine.

16. Pléadh an t-athbhreithniú is déanaí ar an togra comhréitigh ón Uachtaránacht ag cruinniú neamhfhoirmiúil de chomhaltaí PROCIV CER an 1 Nollaig 2021, agus as sin, d'eascair comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an téacs comhréitigh ó tharla fonn orthu téacs comhdhlúite a chur faoi bhráid COREPER lena fhormheas, agus go nglacfadh an Chomhairle ina dhiaidh sin é.

## III. SUBSTAINT

17. Bunaithe ar an bplé a rinneadh ar leibhéal na Meithle, is iad seo a leanas mar na príomh- shaincheisteanna polaitiúla a sainaithníodh:

a) Caidreamh le Treoir NIS 2 (lena n-áirítear Airteagal 7)

Chuir na Ballstáit i bhfios go láidir an gá atá le hailíniú a dhéanamh idir CER agus píosaí eile de reachtaíocht an Aontais atá á gcaibidil faoi láthair, go háirithe NIS 2 agus DORA. Is díol suntais é an deighilt shoiléir idir raon feidhme NIS 2 agus CER; tugann NIS 2 aghaidh ar an athléimneacht i gcoinne cibearbhagairtí, agus tugann CER aghaidh ar an athléimneacht ar bhagairtí nach mbaineann leis an gcibearshlándáil. Ina theannta sin, tugann DORA aghaidh ar athléimneacht oibríochtúil dhigiteach don earnáil airgeadais.

Chuir na Ballstáit chun suntais freisin ar an ngá atá leis an ró-ualach ar na heintitis chriticiúla a sheachaint. Chuige sin, coinnítear leis an togra comhréitigh, dearadh an togra ón gCoimisiún lena leagtar síos nach mbeidh feidhm ag codanna móra den Treoir maidir le heintitis chriticiúla maidir le hearnálacha na baincéireachta, bhonneagair an mhargaidh airgeadais agus an bhonneagair dhigitigh. Is é an réasúnaíocht is bun leis an gcinneadh sin go mbeidh leibhéal coibhéiseach athléimneachta de dhíth ar na heintitis faoi oibleagáid le tograí reachtacha an Aontais maidir le NIS 2 agus DORA, atá á gcaibidil faoi láthair. Choinnigh an Uachtaránacht súil ghrinn ar fhorbairt na dtograí comhréitigh ón dá reachtaíocht eile chun an t-ailíniú a chur chun cinn. Baineann na nithe tábhachtacha eile a cuireadh leis an togra comhréitigh le socruithe comhair idir na húdaráis inniúla faoi na gníomhartha dlíthiúla faoi seach.

Anuas air sin, leis an togra comhréitigh, rinneadh raon feidhme CER (an Iarscríbhinn) agus raon feidhme an Chur Chuige Ghinearálta maidir le NIS 2 (Iarscríbhinn I) a ailíniú. I ngeall ar shainiúlachtaí an dá Threoir, is é seo a leanas an cruth beacht a roghnaíodh don ailíniú: bhí na hearnálacha sin ar fad a áirítear in Iarscríbhinn CER, ar a laghad, le bheith i láthair in Iarscríbhinn I a ghabhann le NIS 2, ina n-áirítear earnálacha eile nach gcumhdaítear in CER. Léiríodh san ailíniú sin go bhfuil NIS 2, le hais CER, ag céim eile ó tharla go gcuireann NIS 2 le cur chun feidhme na Treorach atá ann faoi láthair maidir le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise ('Treoir NIS')[12].

Cuirtear deireadh leis an gcoincheap 'eintitis atá coibhéiseach le heintitis chriticiúla' (a úsáideadh sa togra ón gCoimisiún chun cur síos a dhéanamh ar eintitis chriticiúla in earnálacha na baincéireachta, bhonneagair an mhargaidh airgeadais agus an bhonneagair dhigitigh) toisc gur measadh nach raibh aon ghá leis. Sa togra comhréitigh, déantar na heintitis chriticiúla sna trí earnáil atá ábhartha a lipéadú mar "eintitis chriticiúla" agus comhshamhlaítear iad leo sin atá in earnálacha eile sa raon feidhme. Mar sin féin, gan catagóir eintiteas faoi leith a chruthú, aithnítear sa chomhréiteach nach bhfuil feidhm ag na forálacha atá sonraithe go soiléir in CER maidir leis na heintitis chriticiúla sna trí earnáil sin (Airteagal 7).

b) <u>Raon feidhme (maidir leis na hearnálacha eacnamaíocha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir)</u>

Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit i gcoitinne an leathnú amach chuig réimse earnálacha a rinneadh ar an raon feidhme le hais raon feidhme na Treorach ECI roimhe seo – ar Treoir í nár cumhdaíodh inti ach fuinneamh agus iompar. Mar sin féin, mheas cuid mhór de na Ballstáit gur bhain deacracht le hearnáil an riaracháin phoiblí a áireamh i raon feidhme na Treorach toisc nárbh ionann í agus na hearnálacha eacnamaíocha eile a bhaineann lena raon feidhme. Dá bhrí sin, ní áirítear sa togra comhréitigh é. Tá, mar sin féin, sásra athbhreithniúcháin (Airteagal 22) sa togra comhréitigh lena bhféadfaí tionchar agus breisluach na Treorach a mheas agus ar cheart nó nár cheart an raon feidhme a mhodhnú níos déanaí.

12 Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun ardleibhéal coiteann slándála na gcóras gréasáin agus faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais

c) Clásal eisiaimh (Airteagal 1.5)

Ba mhian leis na Ballstáit an clásal eisiaimh a shoiléiriú, nach mbíonn feidhm ag an Treoir maidir le heintitis a dhéanann gníomhaíochtaí i réimsí na cosanta, na slándála poiblí ná fhorfheidhmiú an dlí ná le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta ná leis an gcosaint náisiúnta. Eisiatar freisin na breithiúna, parlaimintí agus bainc cheannais. Tá an clásal eisiaimh i gcomhréir le clásal den chineál céanna a comhaontaíodh i gCur Chuige Ginearálta Threoir NIS 2.

d) An idirghníomhaíocht leis an reachtaíocht earnála

Lasmuigh den chaidreamh le NIS 2 agus le DORA, chuir na Ballstáit i bhfios go láidir nach mór córas coibhéise CER a shoiléiriú agus a bheachtú i ndáil leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais atá cheana ann. Rinneadh soiléiriú breise sa togra comhréitigh, go háirithe i dtaca leis na modhnuithe ar aithris 7, ar Airteagail 1.3, 10 agus 11.2. Maidir leis na measúnuithe riosca agus na bearta athléimneachta, féadfaidh na Ballstáit, faoi thacar coinníollacha, coibhéis a aithint, go hiomlán nó go páirteach, idir na bearta atá ann cheana agus oibleagáidí CER.

e) An comhar idir dhá Bhallstát nó níos mó (Airteagal 9a)

Leis an togra comhréitigh, cuirtear isteach creat nua maidir le comhar i measc na mBallstát, creat nár foráladh dó i dtosach sa togra ón gCoimisiún. Sa togra comhréitigh, ní mór do na Ballstáit dul i mbun comhairliúchán le chéile i gcás ina mbíonn eintitis chriticiúla ag dhá Bhallstát nó níos mó agus iad nasctha ar bhealach éigin nó i gcás ina soláthraíonn an t-eintiteas criticiúil a shainaithnítear i mBallstát amháin seirbhísí bunriachtanacha do Bhallstáit eile nó i mBallstáit eile. Sular cuireadh isteach an cineál nua comhair seo, cuireadh ar fáil sa Treoir cuid mhaith mionsonraí maidir leis an gcomhar i ndáil le heintitis chriticiúla a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leo ach ní dhearnadh foráil ar bith maidir le creat do chásanna inar lú ná naoi gcinn líon na mBallstát ábhartha.

f) Bearta Athléimneachta (Airteagal 11)

Tar éis iarrataí ó na Ballstáit, rinneadh modhnú sa togra comhréitigh ar an togra ón gCoimisiún chun níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit agus na bearta athléimneachta, nach mór do na heintitis ríthábhachtacha a dhéanamh, á mbunú acu. I measc cúiseanna eile, rinneadh é sin ionas go mbeifeá in ann na bearta athléimneachta a chur in oiriúint do chúinsí náisiúnta sonracha.

g) Seiceálacha cúlra (Airteagal 12)

Chuir na Ballstáit in iúl go raibh imní orthu, lena n-áirítear imní dhlíthiúla, maidir leis an tagairt do sheiceálacha cúlra sa togra ón gCoimisiún. Mhodhnaigh an togra comhréitigh an tagairt sin ionas go bhféadfaidh na Ballstáit iarrataí ar sheiceálacha cúlra ó na heintitis chriticiúla a fháil agus a mheasúnú má chinneann siad amhlaidh. Chuir na Ballstáit chun suntais i gcoitinne tábhacht na seiceálacha cúlra i ndáil leis an tslándáil pearsanra. Mheas na Ballstáit gur cheart na seiceálacha cúlra a phróiseáil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na nósanna imeachta náisiúnta.

h) Eintitis chriticiúla a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leo (Airteagail 14 agus 15)

Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit catagóir na n-eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leo ach dearbhaíodh sa phlé a rinneadh go raibh tuilleadh soiléireachta de dhíth maidir leis an bpróiseas chun na heintitis sin a shainaithint agus maidir lena misin chomhairleacha ghaolmhara chomh maith. Foráiltear leis an togra comhréitigh na sonraíochtaí breise sin, rud a neartaíonn ról an Choimisiúin Eorpaigh sa phróiseas sainaitheanta. Maidir leis na misin chomhairleacha, tugadh breis soiléireachta sa togra comhréitigh agus, i measc nithe eile, feabhsaíodh ról an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis chomh maith le ról sin na mBallstát a gcuirtear an tseirbhís bhunriachtanach ar fáil dóibh nó iontu.

## IV. CONCLÚID

18. Iarrtar ar COREPER, dá bhrí sin, teacht ar chomhaontú maidir leis an téacs comhréitigh a thíolaic an Uachtaránacht mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é. Iarrtar ar COREPER freisin an téacs a chur faoi bhráid na Comhairle (Comhshaol) chun Cur Chuige Ginearálta a ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh aici an 20 Nollaig 2021 agus iarraidh ar an Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa ar bhonn an tsainordaithe sin.

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[13],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[14],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[15],

---

13 IO C , , lch. .
14 IO C […], […], lch. […].
15 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa […] agus ón gComhairle […].

De bharr an mhéid seo a leanas:

**(0)** **Tá ról fíor-riachtanach ag na heintitis chriticiúla, mar phríomhsholáthraithe seirbhísí bunriachtanacha, i gcothabháil feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha sa mhargadh inmheánach, i ngeilleagar an Aontais atá ag éirí níos idirspleáiche i gcónaí. Braitheann oibriú rianúil gach eintitis chriticiúil go mór ar leibhéal a ullmhachta agus a athléimneachta, rud a chuireann ar a chumas leanúint dá ghníomhaíocht nó a ghníomhaíocht a chur i gcrích an athuair go gasta nuair a chuirtear isteach air. Is den bhunriachtanas é, dá bhrí sin, creat uile-Aontais a leagan amach a mbeidh sé d'aidhm aige feabhas a chur ar athléimneacht na n-eintiteas criticiúil sa mhargadh inmheánach trí íostacar comhchuibhithe oibleagáidí a leagan síos agus cúnamh a thabhairt dóibh trí bhearta tacaíochta agus maoirseachta comhleanúnacha tiomnaithe.**

(1) Foráiltear le Treoir 2008/114/CE[16] ón gComhairle do nós imeachta chun bonneagair chriticiúla Eorpacha a ainmniú in earnálacha an fhuinnimh agus an iompair, bonneagair a n-imreofaí mórthionchar trasteorann ar dhá Bhallstát ar a laghad dá ndéanfaí iad a shuaitheadh nó a scriosadh. Is ar chosaint na mbonneagar sin amháin a raibh an Treoir sin dírithe. Mar sin féin, fuarthas amach sa mheastóireacht a rinneadh ar Threoir 2008/114/CE in 2019[17] nach leor bearta cosanta a bhaineann le sócmhainní aonair amháin chun gach suaitheadh a chosc, mar go bhfuil oibríochtaí ina n-úsáidtear bonneagar criticiúil ag éirí níos idirnasctha agus níos trasteorainní. Dá bhrí sin, ní mór an cur chuige a athrú **lena áirithiú go ndéanfar cuntas níos fearr ar rioscaí, go ndéanfar ról agus dualgais na n-eintiteas aonair mar sholáthraithe seirbhísí atá bunriachtanach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a shainiú níos fearr agus go nglacfar rialacha comhleanúnacha uile-Aontais chun** athléimneacht na n-eintiteas criticiúil **a fheabhsú**[...]**. Sa chaoi sin, ba cheart do na heintitis chriticiúla a bheith in ann** a gcumas **a atreisiú** maidir le teagmhais **a chosc, cosaint ina gcoinne, freagairt dóibh, iad a chomhrac,** a mhaolú, a sheasamh, mar aon le freastal orthu [...] agus teacht aniar uathu, ar teagmhais iad a d'fhéadfadh [...] **soláthar seirbhísí bunriachtanacha** a shuaitheadh.

---

**16** Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75).

**17** SWD(2019) 308.

(2) **Faoi láthair,** [...] **cé** go bhfuil sé d'aidhm **ag roinnt beart** ar leibhéal an Aontais[18] agus ar an leibhéal náisiúnta[...] tacaíocht a thabhairt do chosaint bonneagar criticiúil san Aontas, **d'fhéadfaí ó thaobh dlí sainordú níos fearr a thabhairt** do na heintitis a fheidhmíonn na bonneagair sin [...] [...] iad a fheistiú [...] chun aghaidh a thabhairt ar [...] rioscaí dá n-oibríochtaí, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh soláthar seirbhísí **bunriachtanacha** a shuaitheadh [...]. Timpeallacht bagairtí dhinimiciúil is é is cúis leis sin**,** [...] **lena n-áirítear** timpeallacht ina bhfuil bagairt shíorathraitheach na sceimhlitheoireachta agus idirspleáchais mhéadaitheacha idir bonneagair agus earnálacha, chomh maith le riosca fisiceach méadaithe i ngeall ar thubaistí nádúrtha agus ar an athrú aeráide, rud a [...] **threisíonn** minicíocht agus méid na n-eachtraí adhaimsire agus a chruthaíonn athruithe fadtéarmacha ar an meán-aeráid [...]. Thairis sin**, is de phríomhthréith an mhargaidh inmheánaigh an ilroinnt i ndáil le heintitis chriticiúla a shainaithint, toisc** nach n-aithnítear earnálacha agus cineálacha eintiteas ábhartha go comhsheasmhach mar earnálacha agus cineálacha eintiteas ríthábhachtach i ngach Ballstát.

[18] An Clár Eorpach um Chosaint an Phríomhbhonneagair (EPCIP).

(3) Tagann na hidirspleáchais mhéadaitheacha sin as líonra soláthair seirbhíse atá ag éirí níos trasteorainní agus níos idirspleáiche agus a úsáideann príomhbhonneagair ar fud an Aontais in earnálacha an fhuinnimh, an iompair, na baincéireachta, bhonneagar an mhargaidh airgeadais, an bhonneagair dhigitigh, an uisce óil, an fhuíolluisce, [...] na sláinte agus, lena chois sin, an spás**. I dtéarmaí na hearnála fuinnimh agus go háirithe modhanna giniúna agus tarchuir leictreachais (i ndáil le soláthar leictreachais), tuigtear, i gcás ina meastar gurb iomchuí sin, go bhféadfar codanna tarchurtha leictreachais de stáisiúin chumhachta núicléiche a áireamh i nginiúint leictreachais, ach na gnéithe, ar gnéithe núicléacha go sonrach iad a chumhdaítear leis an reachtaíocht núicléach ábhartha, lena n-áirítear conarthaí agus dlí an Chomhphobail, a eisiamh. Tá baint ag earnáil an spáis ann,** a mhéid a bhaineann sé le seirbhísí áirithe a sholáthar a bhíonn ag brath ar bhonneagair ar talamh ar le Ballstáit nó le páirtithe príobháideacha nó a bhainistíonn agus a oibríonn Ballstáit nó páirtithe príobháideacha iad [...]agus dá bhrí sin, nach gcumhdaítear leo sin bonneagair ar leis an Aontas iad nó a bhainistíonn agus a oibríonn an tAontas nó a bhainistítear nó a oibrítear ar a shon mar chuid dá chláir spáis. Ciallaíonn na hidirspleáchais sin go bhféadfaí éifeachtaí cascáideacha a bheith ag aon suaitheadh, go fiú suaitheadh a bhaineann le heintiteas nó earnáil amháin, éifeachtaí a d'fhéadfadh drochthionchar forleathan marthanach a imirt ar sheachadadh seirbhísí ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Léirigh paindéim COVID-19 a leochailí atá ár sochaithe i leith rioscaí a bhfuil dóchúlacht íseal ag baint leo, sochaithe atá ag éirí níos idirspleáiche de réir a chéile.

(4) Tá na heintitis a bhfuil baint acu le soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha faoi réir ceanglais a fhorchuirtear faoi dhlíthe na mBallstát agus a bhfuil difríochtaí eatarthu, agus is ag dul in olcas de réir a chéile atá an fhadhb sin. De bharr go bhfuil ceanglais [...] **neartaithe athléimneachta** níos solúbtha ag roinnt Ballstát ar na heintitis sin, ní hamháin go bhfuil baol ann go n-imreofaí tionchar diúltach ar choinneáil ar bun feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha ar fud an Aontais, ach cuirtear bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. Meastar gur eintitis chriticiúla iad cineálacha comhchosúla eintiteas i roinnt Ballstát ach ní amhlaidh atá i mBallstáit eile, agus tá na heintitis sin a shainaithnítear gur eintitis chriticiúla iad faoi réir ceanglais éagsúla i mBallstáit éagsúla. Mar thoradh air sin, cuirtear ualach breise riaracháin ar chuideachtaí a fheidhmíonn thar theorainneacha, go háirithe ar chuideachtaí atá gníomhach i mBallstáit a bhfuil ceanglais níos déine acu. **Is toradh freisin air nach mbíonn cothrom na Féinne ann agus go mbíonn dídhreasachtaí chun bheith ag feidhmiú thar theorainneacha.**

(5) Is gá, dá bhrí sin, rialacha íosta comhchuibhithe a leagan síos chun soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha sa mhargadh inmheánach a áirithiú agus chun athléimneacht eintiteas criticiúil a fheabhsú.

(6) Chun [...] **ardleibhéal athléimneachta** a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit eintitis chriticiúla a shainaithint [...] **a bheidh** faoi réir ceanglais shonracha agus formhaoirseacht shonrach, ach freisin [...] **dá dtabharfar** tacaíocht agus treoir shonrach [...] i bhfianaise na rioscaí ábhartha uile.

(7) [...].

**<u>I gcás ina gceanglófar, le forálacha de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta, ar eintitis chriticiúla measúnú a dhéanamh ar rioscaí ábhartha chun críocha na Treorach seo agus bearta a dhéanamh chun a n-athléimneacht féin a áirithiú, ba cheart na ceanglais sin a bhreith go leordhóthanach chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na n-eintiteas criticiúil sin leis na forálacha mar a leagtar amach sa Treoir seo iad. Ar an mbonn sin, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta a bheith in ann a chinneadh na heintitis chriticiúla sin a eisiamh óna gcuspóirí maoirseachta agus óna bpleananna maoirseachta faoin Treoir seo, i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe agus d'fhonn an t-ualach ar na heintitis chriticiúla a laghdú. Ba cheart an chumhacht a thabhairt do na Ballstáit cinneadh ar an gcóras is infheidhme maidir le bearta measúnaithe riosca agus athléimneachta más coibhéiseach, ar a laghad, iad leis na cinn sa Treoir seo. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit na hearnálacha go léir a liostaítear san Iarscríbhinn a chur san áireamh ina straitéis chun athléimneacht eintiteas criticiúil a threisiú, chomh maith leis an measúnú riosca agus na bearta tacaíochta de bhun Chaibidil II agus ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann eintitis chriticiúla sna hearnálacha sin a shainaithint i gcás inar comhlíonadh na coinníollacha is infheidhme.</u>**

(8) I bhfianaise a thábhachtaí is atá an chibearshlándáil le haghaidh athléimneacht eintiteas criticiúil agus ar mhaithe le comhsheasmhacht, is gá, i gcás inar féidir, cur chuige comhleanúnach idir an Treoir seo agus Treoir (AE) XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] [Treoir atá beartaithe maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal coiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (dá ngairtear 'Treoir NIS 2' anseo feasta)]. I bhfianaise a mhinice is atá cibear-rioscaí agus i bhfianaise na saintréithe ar leith a bhaineann leo, forchuirtear le Treoir NIS 2 ceanglais chuimsitheacha ar thacar mór eintiteas chun a gcibearshlándáil a áirithiú. Ós rud é go dtugtar aghaidh go leordhóthanach ar an gcibearshlándáil i dTreoir NIS 2, ba cheart na hábhair a chumhdaítear léi a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo, gan dochar don chóras sainiúil le haghaidh eintitis in earnáil an bhonneagair dhigitigh.

(9) [...]

[19] [Tagairt do Threoir NIS 2, ach a nglacfar í.]

**Ionas nach gcuirfear slándáil na mBallstát ná slándáil ná leasanna tráchtála na n-eintiteas criticiúil i mbaol, is go cúramach a dhéanfar rochtain, malartú agus láimhseáil na faisnéise íogaire, agus tabharfar aird ar leith ar na bealaí tarchurtha agus ar an toilleadh stórála a úsáidfidh na geallsealbhóirí ábhartha.**

**(9a) Níor cheart a mheas go ndéanann an Treoir seo difear d'inniúlachtaí na mBallstát agus a n-údarás i dtéarmaí neamhspleáchas riaracháin, eagrúcháin agus fheidhmiú na mbreithiúna, na bparlaimintí nó na mbanc ceannais, nó don fhreagracht atá orthu an leas náisiúnta a choimirciú, go háirithe maidir le slándáil phoiblí, cosaint agus slándáil náisiúnta. Thairis sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le haon eintiteas, bíodh sé poiblí nó príobháideach, ar go príomha i réimsí na cosanta, na slándála náisiúnta, na slándála poiblí ná fhorfheidhmiú an dlí a dhéanann sé gníomhaíochtaí. Lena chois sin, níor cheart feidhm a bheith aige maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanann eintitis sna réimsí sin. Ba cheart do na Ballstáit measúnú aonair a dhéanamh ar eintitis a chomhlíonann na critéir le bheith sainaitheanta mar eintiteas criticiúil ach a dhéanann, go príomha, gníomhaíochtaí i réimsí na cosanta, na slándála náisiúnta, na slándála poiblí ná fhorfheidhmiú an dlí. Ar bhonn an mheasúnaithe sin ar na gníomhaíochtaí sonracha siúd, thabharfaí do na heintitis sochar an chórais a bhunaítear leis an Treoir seo, nó d'fhágfaí lasmuigh dá raon feidhme iad. Ní chuirfear d'oibleagáid ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar a mbeadh nochtadh an mhéid sin contrártha do leasanna fíor- riachtanacha a shlándála poiblí. Is ábhartha iad rialacha náisiúnta nó rialacha de chuid an Aontais maidir le cosaint a dhéanamh ar fhaisnéis rúnaicmithe, ar chomhaontuithe neamhnochta, agus ar chomhaontuithe neamhnochta neamhfhoirmiúla.**

(10) D'fhonn cur chuige cuimsitheach a áirithiú i leith athléimneacht eintiteas criticiúil, ba cheart straitéis a bheith **i bhfeidhm** ag gach Ballstát ina leagtar amach cuspóirí agus bearta beartais atá le cur chun feidhme. **Ba cheart an straitéis sin a cheapadh chun beartais atá ann cheana a chomhtháthú gan uaim, agus chun tógáil, nuair is féidir, ar straitéisí agus pleananna náisiúnta agus earnálacha ábhartha, nó ar dhoiciméid chomhchosúla.** Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar foráil lena straitéisí [...] maidir le creat beartais le haghaidh comhordú feabhsaithe idir an t-údarás inniúil faoin Treoir seo agus an ceann faoi Threoir NIS 2 i gcomhthéacs comhroinnt faisnéise maidir le **rioscaí cibearshlándála, cibearbhagairtí agus cibirtheagmhais agus rioscaí, bagairtí agus teagmhais nach mbaineann le cibearchúrsaí** [...] agus maidir le cúraimí maoirseachta a fheidhmiú.

(11) Ba cheart cur chuige rioscabhunaithe a leanúint i ndáil le gníomhaíochtaí na mBallstát chun eintitis chriticiúla a shainaithint agus chun an athléimneacht atá acu áirithiú, cur chuige lena ndírítear ar na heintitis is ábhartha maidir le feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a fheidhmiú. Chun cur chuige spriocdhírithe den sórt sin a áirithiú, ba cheart do gach Ballstát measúnú a dhéanamh, laistigh de chreat comhchuibhithe, ar na rioscaí ábhartha [...], idir rioscaí nádúrtha agus de dhéantús an duine, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha, lena n-áirítear timpistí, tubaistí nádúrtha, éigeandálaí sláinte poiblí amhail paindéimí, [...] **bagairtí hibrideacha nó** bagairtí eascairdiúla **eile**, lena n-áirítear cionta sceimhlitheoireachta. Agus na measúnuithe riosca sin á ndéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit measúnaithe riosca ginearálta nó earnáilsonracha eile a chur san áireamh, ar measúnaithe riosca iad a dhéantar de bhun gníomhartha eile de chuid dhlí an Aontais, agus ba cheart dóibh na spleáchais idir earnálacha a mheas, lena n-áirítear ó Bhallstáit eile agus ó thríú tíortha. Ba cheart torthaí an mheasúnaithe riosca a úsáid i bpróiseas sainaitheantais na n-eintiteas criticiúil agus ba cheart na torthaí a úsáid chun cabhrú leis na heintitis sin **a gcuid** ceanglas athléimneachta [...] a chomhlíonadh.

(12) Chun a áirithiú go mbeidh na heintitis ábhartha uile faoi réir na gceanglas sin agus chun difríochtaí ina leith sin a laghdú, tá sé tábhachtach rialacha comhchuibhithe a leagan síos lenar féidir eintitis chriticiúla a shainaithint go comhsheasmhach ar fud an Aontais, ach lena ligtear do na Ballstáit [...] **a gcumhachtaí cinnteoireachta a fheidhmiú, rud a léireoidh ról agus tábhacht na n-eintiteas sin mar sholáthraithe seirbhísí ar a gcríoch féin** [...]. Dá bhrí sin, ba cheart critéir a leagan síos chun eintitis chriticiúla a shainaithint. Ar mhaithe le héifeachtacht [...] agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart rialacha iomchuí a leagan síos maidir le fógra a thabhairt agus maidir le comhar a bhaineann leis an sainaithint sin, chomh maith leis na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann leis. Chun go mbeadh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit faisnéis ábhartha a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ar bhealach atá chomh [...] sonrach agus is féidir, agus, in aon chás, liosta na seirbhísí fíor-riachtanacha, an líon eintiteas criticiúil a sainaithníodh i ngach earnáil agus fo-earnáil dá dtagraítear san Iarscríbhinn [...] **agus, i gcás ina n-úsáidfear iad, [...] tairseacha [...] ar féidir iad a chur i láthair mar sin nó i bhfoirm chomhiomlánaithe, is é sin le rá, gur féidir an fhaisnéis a mheánú de réir an limistéir gheografaigh nó de réir na bliana, na hearnála, na fo-earnála nó ar dhóigh eile, agus gur féidir faisnéis ar raon na dtáscairí arna soláthair a áireamh.**

(13) Ba cheart **do na Ballstáit** critéir a bhunú freisin chun a chinneadh cé chomh suntasach agus atá éifeacht shuaiteach a thagann as teagmhais den sórt sin, **agus critéir Airteagal 6(1) á gcur san áireamh**. Ba cheart do na critéir sin cur leis na critéir dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] chun leas a bhaint as na hiarrachtaí atá déanta ag na Ballstáit chun na hoibreoirí sin a shainaithint mar aon leis an taithí a fuarthas ina leith sin.

[20] Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal coiteann slándála do chórais ghréasáin agus faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

**(13a) De bhun fhorálacha dhlí earnála an Aontais, ceanglaítear ar eintitis in earnálacha na baincéireachta, an bhonneagair margaidh airgeadais agus an bhonneagair dhigitigh a d'fhéadfadh a bheith incháilithe mar eintitis chriticiúla faoin Treoir seo rioscaí ábhartha a mheasúnú, bearta a dhéanamh chun a n-athléimneacht a áirithiú agus fógra a thabhairt faoi theagmhais. Ós rud é go bhfuil na ceanglais sin coibhéiseach, ar a laghad, leis na hoibleagáidí comhfhreagracha a leagtar síos sa Treoir seo, níor cheart feidhm a bheith ag forálacha Airteagal 9a ná forálacha Chaibidil III go Caibidil V leis na heintitis sin, chun dúbailt agus ualaí nach bhfuil gá leo a sheachaint. Mar thoradh air sin, níor cheart na forálacha sonracha maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú a leagtar amach i gCaibidil VI a bheith infheidhme maidir leis na heintitis sin ach oiread. Chun athléimneacht an mhargaidh inmheánaigh ina iomláine a atreisiú agus chun comhleanúnachas agus cineál cuimsitheach na n-iarrachtaí agus na maoirseachta arna ndéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát a choinneáil, ba cheart na straitéisí tiomnaithe chun athléimneacht na n-eintiteas criticiúil a threisiú, na measúnuithe riosca agus na bearta tacaíochta mar a leagtar amach i gCaibidil II den Treoir seo iad a bheith infheidhme sna hearnálacha sonracha sin freisin. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a shainaithint cad iad na heintitis sna hearnálacha sin atá incháilithe mar eintitis chriticiúla go fóill, agus an córas ar leith le haghaidh eintitis in earnálacha na baincéireachta, an bhonneagair margaidh airgeadais agus an bhonneagair dhigitigh á chur san áireamh.**

**(13b) Thairis sin, agus an aidhm chéanna di dúbailt agus ualaí nach bhfuil gá leo ar eintitis chriticiúla a sheachaint, ba cheart don Treoir seo córas coibhéise is infheidhme go ginearálta a bhunú. Ar an gcaoi sin, i dtacar réimsí arna sainaithint go soiléir, is féidir leis na Ballstáit bearta a aithint mar bhearta coibhéiseacha má tá siad coibhéiseach leis na bearta a dhéantar de bhun na Treorach seo agus má rinne eintitis chriticiúla as aon earnáil cheana iad chun a gcuid oibleagáidí faoi ghníomhartha earnáilsonracha de chuid dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Dá réir sin, i ndáil le bearta coibhéiseacha aitheanta, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann eintitis chriticiúla a dhíolmhú ó dhéanamh na mbeart sonrach a cheanglaítear faoin Treoir seo.**

(14) **Le Treoir XXXX/XXXX [Treoir NIS2] ceanglaítear ar eintitis bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a dhéanamh chun na rioscaí a bhainistiú maidir le slándáil gréasán agus faisnéise arna n-úsáid ag na soláthraithe sin agus a gcuid seirbhísí á soláthar acu, agus lena chois sin chun fógra a thabhairt faoi theagmhais shuntasacha agus cibearbhagairtí. Ós rud é go bhféadfadh tionscnaimh éagsúla a bheith ag bagairtí ar shlándáil gréasán agus faisnéise, cuirtear i bhfeidhm le [Treoir NIS 2] cur chuige 'uile-ghuaise' lena n-áirítear slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise agus a dtimpeallacht fhisiciúil a chosaint.** Eintitis a bhfuil baint acu le hearnáil an bhonneagair dhigitigh, is bunaithe go bunúsach ar chórais ghréasáin agus faisnéise iad agus, **dá bhrí sin, ba cheart, leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar na heintitis sin le [Treoir NIS 2], aghaidh a thabhairt ar bhealach cuimsitheach ar shlándáil fhisiciúil na gcóras sin mar chuid dá n-oibleagáidí bainistíochta riosca agus tuairiscithe maidir leis an gcibearshlándáil.** [...] [...] Mar sin féin, i bhfianaise a thábhachtaí is atá na seirbhísí a sholáthraíonn eintitis in earnáil an bhonneagair dhigitigh [...] **i ndáil le heintitis chriticiúla sna hearnálacha eacnamaíocha ábhartha eile go léir**, ba cheart do na Ballstáit, bunaithe ar na critéir, agus úsáid á baint acu as an nós imeachta dá bhforáiltear sa Treoir seo *mutatis mutandis*, eintitis a bhaineann le hearnáil an bhonneagair dhigitigh a shainaithint **mar eintitis chriticiúla**. [...]

(15) Le *acquis* sheirbhísí airgeadais an Aontais, bunaítear ceanglais chuimsitheacha ar eintitis airgeadais chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí go léir a mbíonn ar na heintitis aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear rioscaí oibríochtúla, agus chun leanúnachas gnó a áirithiú. Áirítear leis sin gnéithe de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], chomh maith le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] agus Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25]. [...] **Comhlánófar** an creat [...] **dlíthiúil** sin le Rialachán XX/YYYY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán atá beartaithe maidir le hathléimneacht oibríochtúil dhigiteach san earnáil airgeadais (dá ngairtear 'Rialachán DORA' anseo feasta)[26]], lena leagtar síos ceanglais ar ghnólachtaí airgeadais chun rioscaí TFC a bhainistiú, lena n-áirítear bonneagair fhisiceacha TFC a chosaint.

---

21 Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

22 Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

23 Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

24 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

25 Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

26 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014, COM(2020)595.

Ós rud é go gcumhdaítear go cuimsitheach le acquis seirbhísí airgeadais an Aontais athléimneacht na n-eintiteas a liostaítear i bpointí 3 agus 4 den Iarscríbhinn, ba cheart na heintitis sin, **cosúil le heintitis in earnáil an bhonneagair dhigitigh**, a shainaithint mar [...] eintitis chriticiúla freisin chun críocha **Airteagail 1 go 9** [...] den Treoir seo agus **chun na gcríoch sin amháin**. Chun a áirithiú go ndéanfar na rialacha maidir le rioscaí oibríochtúla agus maidir le hathléimneacht dhigiteach a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach san earnáil airgeadais, d'**fhéadfadh** [...] na húdaráis a ainmneofar de bhun Airteagal 41 de [Rialachán DORA] **nó na húdaráis a ainmneofar de bhun na Treorach seo,** tacaíocht ó na Ballstáit a áirithiú, ar tacaíocht í chun athléimneacht fhoriomlán eintiteas airgeadais atá coibhéiseach le heintitis chriticiúla a fheabhsú, ar bhealach [...]**comhleanúnach** agus faoi réir na nósanna imeachta a leagtar amach sa reachtaíocht [...] **is infheidhme**.

(16) Ba cheart do na Ballstáit údaráis a ainmniú a bheidh inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm rialacha na Treorach seo agus, i gcás inar gá, na rialacha sin a fhorfheidhmiú, agus chun a áirithiú go bhfuil an chumhacht agus na hacmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis sin. I bhfianaise na ndifríochtaí atá ann idir struchtúir rialachais náisiúnta éagsúla, agus chun socruithe earnála atá ann cheana nó comhlachtaí maoirseachta agus rialála de chuid an Aontais a chosaint, agus chun dúbailt a sheachaint, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann níos mó ná údarás inniúil amháin a ainmniú. Sa chás sin, áfach, ba cheart dóibh cúraimí sonracha na n-údarás lena mbaineann a shonrú go soiléir agus a áirithiú go n-oibreoidh siad i gcomhar go rianúil agus go héifeachtach. Ba cheart do na húdaráis inniúla uile oibriú i gcomhar le húdaráis ábhartha eile ar bhonn níos ginearálta, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon.

(17) Chun comhar agus cumarsáid trasteorann a éascú agus chun cur chun feidhme éifeachtach na Treorach seo a éascú, ba cheart do gach Ballstát [...] **aon** pointe [...] **náisiúnta** teagmhála aonair a ainmniú, gan dochar do cheanglais dhlíthiúla earnáilsonracha an Aontais, ar pointe teagmhála é a bheidh freagrach as comhordú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus comhar trasteorann ar leibhéal an Aontais ina leith sin.

(18) [...] **R**achaidh na húdaráis inniúla a ainmnítear faoin [...] **Treoir seo agus na cinn a ainmnítear faoi [Treoir NIS 2]** i gcomhar le chéile **agus malartóidh siad faisnéis go náisiúnta** [...] maidir le **rioscaí cibearshlándála, cibearbhagairtí agus cibeartheagmhais** agus **rioscaí** , bagairtí agus teagmhais nach bhfuil cibirghné ag baint leo a mbíonn tionchar acu [...] **ar eintitis chriticiúla, agus ar bhearta ábhartha a dhéanann na húdaráis inniúla a ainmnítear faoi [Treoir NIS 2] agus faoin Treoir seo.**

(19) Ba cheart do na Ballstáit tacú le heintitis chriticiúla chun a n-athléimneacht á neartú, i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin Treoir seo, gan dochar d'fhreagracht dhlíthiúil na n-eintiteas féin maidir leis an gcomhlíontacht sin a áirithiú. Go háirithe, d'fhéadfadh na Ballstáit ábhair threoracha agus modheolaíochtaí treoracha a cheapadh, tacú le cleachtaí a eagrú chun an athléimneacht a thástáil, chomh maith le **comhairle agus** oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne eintiteas criticiúil. Ina theannta sin, i bhfianaise na n-idirspleáchas idir eintitis agus earnálacha, ba cheart do na Ballstáit [...] [...] comhroinnt faisnéise dheonach **a éascú** idir eintitis chriticiúla, gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

**(19a) D'fhonn athléimneacht na n-eintiteas criticiúil arna sainaithint ag na Ballstáit a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar na heintitis sin a laghdú, ba cheart d'údaráis inniúla ainmnithe na mBallstát dul i mbun comhairliúcháin nuair is iomchuí sin chun an Treoir a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach. Ba cheart dul i mbun na gcomhairliúchán sin arna iarraidh sin d'aon údarás inniúil leasmhar, agus ba cheart díriú leo ar chur chuige cóineasaithe a áirithiú maidir le heintitis chriticiúla idirnasctha a úsáideann bonneagar criticiúil atá nasctha go fisiceach idir dhá Bhallstát nó níos mó, a bhaineann leis na grúpaí céanna nó na struchtúir chorparáideacha chéanna, nó a sainaithníodh i mBallstát amháin agus a sholáthraíonn seirbhísí riachtanacha do Bhallstáit eile nó i mBallstáit eile.**

(20) [...] Ba cheart tuiscint chuimsitheach a bheith ag eintitis chriticiúla ar [...] na rioscaí ábhartha a mbíonn siad nochta dóibh agus **dualgas a bheith orthu** anailís a dhéanamh ar na rioscaí sin. Chun na críche sin, ba cheart dóibh measúnuithe riosca a dhéanamh, nuair is gá sin i bhfianaise a gcuid dálaí sonracha féin agus i bhfianaise fhorbairt na rioscaí sin, ach in aon chás ba cheart dóibh measúnú riosca a dhéanamh gach ceithre bliana. Ba cheart na measúnuithe riosca a dhéanann eintitis chriticiúla a bheith bunaithe ar an measúnú riosca a dhéanann na Ballstáit. **Má tá measúnú déanta cheana ag eintitis chriticiúla ar na rioscaí agus ar na spleáchais sin mar a leagtar amach in Airteagal 10 faoi ghníomhartha eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit coibhéis na measúnuithe riosca eiseacha sin a aithint, go hiomlán nó go páirteach.**

(21) Ba cheart d'eintitis chriticiúla bearta eagraíochtúla**, slándála** agus teicniúla a dhéanamh atá iomchuí agus comhréireach leis na rioscaí a mbíonn ar na heintitis aghaidh a thabhairt orthu chun teagmhas a chosc, **cosaint a dhéanamh ina choinne, freagairt air,** é a chomhrac, a mhaolú, a sheasamh, freastal air [...] agus teacht aniar uaidh. [...] **Cé** gur cheart d'eintitis chriticiúla bearta a dhéanamh [...] **i gcomhréir le hAirteagal 11,** ba cheart a léiriú le mionsonraí agus méid na mbeart na rioscaí éagsúla atá sainaitheanta ag gach eintiteas mar chuid dá mheasúnú riosca, chomh maith le sainiúlachtaí an eintitis sin, ar bhealach atá iomchuí agus comhréireach**. Chun cur chuige comhleanúnach ar fud an Aontais a chur chun cinn, ba cheart don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil, treoirlínte neamhcheangailteacha a ghlacadh chun na bearta teicniúla, slándála agus eagraíochtúla sin a shonrú a thuilleadh. Agus a dhualgais á gcomhlíonadh aige faoin Treoir seo, ba cheart do gach eintiteas criticiúil oifigeach idirchaidrimh nó a choibhéis a ainmniú mar phointe teagmhála leis na húdaráis inniúla náisiúnta.**

(22) Ar mhaithe le héifeachtacht agus le cuntasacht, ba cheart d'eintitis chriticiúla tuairisc a thabhairt [...] ar **na** bearta a **dhéanann siad**, agus leibhéal mionsonraí ann chun na haidhmeanna sin a bhaint amach go leordhóthanach, ag féachaint do na rioscaí a sainaithníodh, agus é sin a dhéanamh i bplean athléimneachta nó i ndoiciméad nó doiciméid atá coibhéiseach le plean athléimneachta, agus an plean sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Féadfar doiciméad nó doiciméid den sórt sin atá coibhéiseach le plean athléimneachta a ullmhú i gcomhréir leis **an dlí náisiúnta nó leis na** ceanglais agus na caighdeáin a ceapadh i gcomhthéacs comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le cosaint fhisiceach, comhaontuithe a bhfuil Ballstáit páirteach iontu, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir le cosaint fhisiceach ábhair núicléach agus saoráidí núicléacha, de réir mar is iomchuí.

(23) […][27] […][28] […][29] […] […][30] […]

**Féadfaidh gníomhartha eile den dlí náisiúnta nó de dhlí an Aontais a cheangal ar eintitis chriticiúla bearta athléimneachta a bhunú atá coibhéiseach leo siúd faoi Airteagal 11. Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh coibhéis a aithint, ina hiomláine nó i bpáirt, idir na bearta sin agus iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 11, nó a áirithiú go ndéanfaidh eintitis chriticiúla cur síos ar na bearta sin sa phlean athléimneachta nó i ndoiciméad nó doiciméid choibhéiseacha.**

27 […]
28 […]
29 […]
30 […]

(24) An baol go mbainfidh fostaithe **nó conraitheoirí** eintiteas criticiúil mí-úsáid [...] as a gcearta rochtana laistigh d'eagraíocht an eintitis chun díobháil agus damáiste a dhéanamh, is ábhar imní é atá ag géarú i rith an ama. **D'fhéadfadh** an riosca sin **a bheith mar bhonn le gá le foráil a dhéanamh do nós imeachta sonrach chun seiceálacha cúlra a dhéanamh ar dhaoine arna n-ainmniú chun róil íogaire a chomhlíonadh, nó chun rochtain a fháil ar spásanna áirithe laistigh de na heintitis chriticiúla[...].** Mar sin is gá **Ballstáit a chumasú, i gcás inarb iomchuí, lena ligean** d'eintitis chriticiúla seiceálacha cúlra a iarraidh maidir le **catagóirí** daoine áirithe **atá sainithe go soiléir** [...] agus lena áirithiú go ndéanfar na hiarrataí sin a mheasúnú [...] i gcomhréir leis [...] **na critéir a leagtar amach i reachtaíocht náisiúnta agus i nósanna imeachta náisiúnta**. **Ba cheart úsáid a bhaint, i seiceálacha cúlra den sórt sin, i gcás inarb iomchuí agus infheidhme, as faisnéis a fhaightear ón gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS)[31] agus is féidir, i gcás inarb iomchuí, úsáid a bhaint chomh maith as faisnéis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (CFS II)[32], agus as aon fhaisnéis oibiachtúil eile atá ar fáil agus a bhféadfadh gá a bheith léi chun oiriúnacht an duine lena mbaineann a bheith ag obair sa phost ar iarr an t-eintiteas criticiúil seiceáil cúlra ina leith, a chinneadh.**

---

31 **Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019, IO L 135, lch. 1**

32 **Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún, IO L 312, p.56**

(25) Ba cheart d'eintitis chriticiúla fógra a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát maidir le teagmhais a shuaitheann go mór **<u>soláthar seirbhísí riachtanacha</u>** nó a d'fhéadfadh [...] **<u>soláthar seirbhísí bunriachtanacha</u>** a shuaitheadh go mór, a luaithe is féidir le réasún faoi na himthosca atá ann. Ba cheart go gcuirfeadh an fógra ar chumas na n-údarás inniúil freagairt thapa leormhaith a thabhairt ar na teagmhais agus forléargas cuimsitheach a bheith acu ar na rioscaí foriomlána a mbíonn ar eintitis chriticiúla aghaidh a thabhairt orthu. Chun na críche sin, ba cheart nós imeachta a bhunú i ndáil le fógra a thabhairt faoi theagmhais áirithe agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le paraiméadair chun a dhéanamh amach cathain a bhíonn an suaitheadh atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann mór agus ar cheart, dá bhrí sin, fógra a thabhairt faoi na teagmhais. I bhfianaise an tionchair trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ag suaitheadh den sórt sin, ba cheart nós imeachta a bhunú lena bhféadfadh na Ballstáit, trí phointí teagmhála aonair, na Ballstáit eile a ndéantar difear dóibh a chur ar an eolas faoi.

(26) Cé go bhfeidhmíonn eintitis chriticiúla i gcoitinne mar chuid de líonra bonneagar agus soláthair seirbhísí atá ag éirí níos idirnasctha agus gur minic a sholáthraíonn siad seirbhísí bunriachtanacha i mbreis agus Ballstát amháin, tá tábhacht ar leith ag baint le cuid de na heintitis sin don Aontas toisc go soláthraíonn siad seirbhísí bunriachtanacha [...] **<u>do bhreis is aon trian de na Ballstáit nó i mbreis is aon trian de na Ballstáit,</u>** agus dá bhrí sin, **<u>d'fhéadfaidís leas a bhaint as tacaíocht shonrach ar leibhéal an Aontais.</u>** [...] Ba cheart, dá bhrí sin, [...] rialacha a bhunú maidir le **<u>misin chomhairleacha</u>** i ndáil le heintitis chriticiúla den sórt sin a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leo. Tá na rialacha sin gan dochar do na rialacha maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú a leagtar amach sa Treoir seo.

(27) **Ar iarraidh réasúnaithe ó Bhallstát amháin nó níos mó a soláthraítear an tseirbhís bhunriachtanach dó(ibh), nó ann/iontu nó ar iarraidh ón gCoimisiún,** [...] i gcás ina bhfuil gá le faisnéis bhreise chun a bheith in ann comhairle a chur ar eintiteas criticiúil maidir lena chuid oibleagáidí [...] a chomhlíonadh, nó chun measúnú a dhéanamh ar eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis maidir lena chomhlíontacht leis na hoibleagáidí sin, i gcomhaontú leis an mBallstát ina bhfuil [...] an t-eintiteas sin lonnaithe, ba cheart an Coimisiún **a chumasú chun** misean comhairleach a eagrú chun measúnú a dhéanamh ar na bearta atá curtha i bhfeidhm ag an eintiteas sin. Chun a áirithiú go gcuirfear misin chomhairleacha den sórt sin i gcrích i gceart, ba cheart rialacha comhlántacha a bhunú, go háirithe maidir lena n-eagrú agus lena reáchtáil, maidir leis an obair leantach a bheidh le tabhairt agus maidir leis na hoibleagáidí ar na heintitis chriticiúla a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leo. Gan dochar don ghá atá ann go ndéanfaidh an Ballstát ina seoltar an misean comhairleach agus an t-eintiteas lena mbaineann rialacha na Treorach seo a chomhlíonadh, ba cheart na misin chomhairleacha a reáchtáil faoi réir rialacha mionsonraithe dhlí an Bhallstáit sin, mar shampla rialacha maidir leis na coinníollacha beachta atá le comhlíonadh chun rochtain a fháil ar áitreabh nó doiciméid ábhartha agus maidir le sásamh breithiúnach. Saineolas sonrach a bhfuil gá leis le haghaidh misin den sórt sin, d’fhéadfaí é a iarraidh, i gcás inarb ábhartha, tríd an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha.

(28) Chun tacú leis an gCoimisiún agus chun éascú a dhéanamh [...] ar chomhar **i measc na mBallstát** agus ar mhalartú faisnéise, lena n-áirítear dea-chleachtais, i ndáil le saincheisteanna a bhaineann leis an Treoir seo, ba cheart Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil a bhunú, [...] **mar** ghrúpa saineolaithe de chuid an Choimisiúin. Ba cheart do na Ballstáit iarracht a dhéanamh comhar éifeachtach éifeachtúil a áirithiú i measc ionadaithe a n-údarás inniúil a ainmneofar sa Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil**, lena n-áirítear trí chomhaltaí a bhfuil an t-imréiteach cuí slándála acu a ainmniú.** Ba cheart don ghrúpa tús a chur lena chúraimí a chomhlíonadh ó shé mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo ar aghaidh, chun modhanna breise a chur ar fáil i ndáil le comhar iomchuí le linn thréimhse thrasuí na Treorach seo. **Ba cheart don mheitheal idirghníomhú le meithleacha saineolaithe ábhartha eile a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith.**

(29) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, agus gan dochar d'fhreagracht dhlíthiúil na mBallstát agus eintiteas criticiúil a áirithiú go gcomhlíonfar a gcuid oibleagáidí faoi seach a leagtar amach inti, ba cheart don Choimisiún tabhairt faoi ghníomhaíochtaí tacaíochta áirithe atá dírithe ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sin a éascú, i gcás ina measann sé gurb iomchuí sin. Agus tacaíocht á tabhairt do na Ballstáit agus d'eintitis chriticiúla i gcur chun feidhme na n-oibleagáidí faoin Treoir seo, ba cheart don Choimisiún cur leis na struchtúir agus na huirlisí atá ann cheana, amhail iad siúd atá faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus faoin Líonra Tagartha Eorpach um Bonneagar Criticiúil a Chosaint. **Ba cheart na hacmhainní airgeadais le haghaidh na ngníomhaíochtaí tacaíochta sin a sholáthar i gcomhréir leis na leithdháiltí a comhaontaíodh sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, agus ba cheart iad a chumhdach go háirithe ón imchlúdach atá ar fáil dá bhforáiltear faoin gCiste Slándála Inmheánaí don tréimhse 2021-2027.**

(30) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh cumhachtaí sonracha áirithe ag a n-údaráis inniúla chun an Treoir seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go cuí i ndáil le heintitis chriticiúla, i gcás ina dtiocfaidh na heintitis sin faoina ndlínse mar a shonraítear sa Treoir seo. Ba cheart a áireamh ar na cumhachtaí sin, go háirithe, an chumhacht chun cigireachtaí, maoirseacht agus iniúchtaí a dhéanamh, chun a cheangal ar eintitis chriticiúla faisnéis agus fianaise a sholáthar maidir leis na bearta atá déanta acu chun a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh agus, i gcás inar gá, chun orduithe a eisiúint le sáruithe a sainaithníodh a leigheas. Agus orduithe den sórt sin á n-eisiúint acu, níor cheart do na Ballstáit bearta a éileamh a théann thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun comhlíontacht an eintitis chriticiúil lena mbaineann a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar a thromchúisí is atá an sárú agus ar acmhainn eacnamaíoch an eintitis chriticiúil. Ar bhonn níos ginearálta, ba cheart coimircí iomchuí éifeachtacha a bheith ag gabháil leis na cumhachtaí sin, ar coimircí iad atá le sonrú sa dlí náisiúnta, i gcomhréir leis na ceanglais a eascraíonn as Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Agus measúnú á dhéanamh acu ar chomhlíonadh a oibleagáidí ag eintiteas criticiúil faoin Treoir seo, ba cheart na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoin Treoir seo a bheith in ann a iarraidh ar na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoi Threoir NIS 2 [...] **<u>a gcumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a úsáid i ndáil le heintiteas bunriachtanach faoi raon feidhme [Treoir NIS 2] a aithnítear a bheith criticiúil chomh maith faoin Treoir seo.</u>** Ba cheart do na údaráis inniúla oibriú i gcomhar agus faisnéis a mhalartú chun na críche sin.

[...][33] [...]

(32) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34].

33 [...]

34 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(33) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon soláthar seirbhísí sa mhargadh inmheánach a áirithiú, ar seirbhísí iad atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a choinneáil ar bun, agus athléimneacht eintiteas criticiúil a sholáthraíonn na seirbhísí sin a fheabhsú, agus, de bharr éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(34) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2008/114/CE a aisghairm,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I
### ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*
*Ábhar agus raon feidhme*

1. Leis an Treoir seo déantar an méid seo a leanas:

(a) oibleagáidí na mBallstát a leagan síos maidir le [...] bearta **sonracha** a dhéanamh, arb é is aidhm dóibh soláthar seirbhísí sa mhargadh inmheánach seirbhísí a áirithiú, seirbhísí atá bunriachtanach chun feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a choinneáil ar bun**, faoi raon feidhme Airteagal 114 CFAE**, go háirithe chun eintitis chriticiúla a shainaithint [...] [...] agus chun [...] **tacú** leo a n-oibleagáidí a chomhlíonadh;

(b) oibleagáidí eintiteas criticiúil a bhunú, arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an athléimneacht atá acu agus [...] ar an gcumas atá acu na seirbhísí sin a sholáthar sa mhargadh inmheánach;

(c) rialacha a bhunú maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú [...]**;**

**(d)** [...] **rialacha** [...] **a bhunú chun** [...] eintitis chriticiúla a bhfuil [...] tábhacht Eorpach ar leith ag baint leo **a shainaithint chomh maith le misin chomhairleacha a bhaineann leo.**

**(e) nósanna imeachta coiteanna a bhunú le haghaidh comhair agus tuairisciú chun forálacha na Treorach seo a chur i bhfeidhm.**

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le hábhair a chumhdaítear le Treoir (AE) XX/YY [an Treoir atá beartaithe maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal coiteann cibearshlándála ar fud an Aontais; ('Treoir NIS 2')], gan dochar d'Airteagal 7.

3. I gcás ina gceanglófar le forálacha gníomhartha earnáilsonracha i ndlí an Aontais ar eintitis chriticiúla bearta [...] a dhéanamh agus **i gcás ina n-aithnítear** na ceanglais sin **a bheith** coibhéiseach ar a laghad leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo, ní bheidh feidhm ag forálacha ábhartha na Treorach seo, lena n-áirítear na forálacha maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú a leagtar síos i gCaibidil VI.

4. Gan dochar d'Airteagal 346 de CFAE, faisnéis atá rúnda de bhun rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, amhail rialacha maidir le rúndacht gnó, ní dhéanfar an fhaisnéis sin a mhalartú leis an gCoimisiún agus le húdaráis ábhartha eile ach i gcás ina mbeidh gá leis an malartú sin le haghaidh chur i bhfeidhm na Treorach seo. Ní bheidh san fhaisnéis a mhalartófar ach an méid is ábhartha maidir le cuspóir an mhalartaithe agus is comhréireach leis. Leis an malartú faisnéise, caomhnófar rúndacht na faisnéise sin agus [...] **urramófar slándáil na mBallstát, chomh maith le** slándáil agus leasanna tráchtála eintiteas criticiúil.

5. Tá an Treoir seo gan dochar d'fhreagracht na mBallstát an tslándáil agus an chosaint náisiúnta a choimirciú nó a gcumhacht feidhmeanna bunriachtanacha eile Stáit a choimirciú, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú agus an t-ord poiblí a chothabháil.

Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na nithe seo a leanas:

a. eintitis nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais agus, ar aon chuma, na heintitis a dhéanann gníomhaíochtaí go príomha i réimsí na cosanta, na slándála náisiúnta nó fhorfheidhmiú an dlí , is cuma cén t-eintiteas atá i mbun na ngníomhaíochtaí sin agus más eintiteas poiblí nó eintiteas príobháideach é;

b. eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí i réimsí na mbreithiúna, na bparlaimintí agus na mbainc ceannais;

c. gníomhaíochtaí eintiteas a thagann lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais agus, ar aon chuma, na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta nó leis an gcosaint, is cuma cé acu eintiteas a dhéanann na gníomhaíochtaí sin agus cibé acu eintiteas poiblí nó eintiteas príobháideach é.

Níl sé i gceist leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo faisnéis a sholáthar, a bhfuil a nochtadh ag teacht salach ar leasanna bunriachtanacha na mBallstát maidir le slándáil náisiúnta, slándáil phoiblí nó cosaint.

6. Tá an Treoir seo gan dochar do dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679[35] agus Treoir 2002/58/CE[36].

[35] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE; IO L 119, 4.5.2016, lch. 1

[36] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí; IO L 201, 31.7.2002, lch. 37

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'eintiteas criticiúil' eintiteas poiblí nó príobháideach [...] **a bhaineann leis na catagóirí** dá dtagraítear sa **tríú colún den tábla** san Iarscríbhinn, [...] **agus** ar shainaithin Ballstát gur eintiteas criticiúil é i gcomhréir le hAirteagal 5;

(2) ciallaíonn 'athléimneacht' an cumas atá ag **eintiteas criticiúil**[...] teagmhas a chosc, **cosaint ina choinne, freagairt air,** comhrac ina choinne, é a mhaolú, a sheasamh, freastal air [...] agus teacht uaidh [...];

(3) ciallaíonn 'teagmhas' aon eachtra a shuaitheann [...] **soláthar seirbhíse bunriachtanaí** nó a d'fhéadfadh é a shuaitheadh **go suntasach**;

(4) ciallaíonn 'bonneagar **criticiúil**' sócmhainn, **saoráid, trealamh, líonra,** córas, nó cuid de na nithe sin, atá riachtanach chun [...] seirbhís bhunriachtanach **a sholáthar**;

(5) ciallaíonn 'seirbhís bhunriachtanach' seirbhís [...] **nach féidir déanamh dá uireasa** chun feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a choinneáil ar bun;

[...]

(7) ciallaíonn 'measúnú riosca' [...] **an próiseas iomlán a dtugann na húdaráis inniúla náisiúnta faoi de bhun Airteagal 4, nó a dtugann na heintitis chriticiúla faoi de bhun Airteagal 10, chun** cineál agus oiread **na mbagairtí, na n-íogaireachtaí agus** na [...]rioscaí [...]**ábhartha** a d'féadfadh [...]**teagmhas a bheith mar thoradh orthu** a chinneadh.

***<u>Airteagal 2a</u>***

***<u>Comhchuibhiú íosta</u>***

**<u>Gan dochar dá n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais, féadfaidh na Ballstáit forálacha an dlí náisiúnta a ghlacadh nó a choimeád d'fhonn leibhéal athléimneachta níos airde a bhaint amach i gcás eintitis chriticiúla.</u>**

## CAIBIDIL II

## CREATAÍ NÁISIÚNTA UM ATHLÉIMNEACHT EINTITEAS CRITICIÚIL

*Airteagal 3*

*Straitéis um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil*

1. Glacfaidh gach Ballstát straitéis chun [...] athléimneacht eintiteas criticiúil **<u>a fheabhsú</u>** faoin [trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Sa straitéis sin leagfar amach cuspóirí straitéiseacha agus bearta beartais, **<u>lena dtógfar ar straitéisí nó doiciméid earnála agus náisiúnta ábhartha atá ann cheana féin,</u>** agus lena gcumhdófar ar a laghad na hearnálacha dá dtagraítear san Iarscríbhinn, d'fhonn ardleibhéal athléimneachta ó thaobh na n-eintiteas criticiúil sin a bhaint amach agus a choinneáil ar bun.

2. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad san áireamh sa straitéis:

(a) cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha chun athléimneacht fhoriomlán eintiteas criticiúil a fheabhsú agus **spleáchais agus** idirspleáchais trasteorann trasearnálacha á gcur san áireamh;

(b) creat rialachais chun cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach, lena n-áirítear tuairisc ar róil agus ar fhreagrachtaí na n-údarás éagsúil, na n-eintiteas criticiúil agus na bpáirtithe eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na straitéise;

(c) tuairisc ar na bearta riachtanacha chun athléimneacht fhoriomlán eintiteas criticiúil a fheabhsú, lena n-áirítear **cur síos ar** mheasúnú riosca náisiúnta, an **próiseas** chun eintitis chriticiúla a shainaithint [...], agus na bearta chun tacú le heintitis chriticiúla a dhéanfar i gcomhréir leis an gCaibidil seo;

(d) creat beartais le haghaidh [...] comhordú idir na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 8 den Treoir seo, agus de bhun [Treoir NIS 2] chun críoch faisnéis a mhalartú maidir le **rioscaí cibearshlándála, cibearbhagairtí agus cibeartheagmhais, chomh maith le rioscaí, bagairtí agus** teagmhais **nach bhfuil cibirghné ag baint leo** [...] agus chun cúraimí maoirseachta a fheidhmiú.

Tabharfar an straitéis cothrom le dáta [...] **i gcás** inar gá agus gach ceithre bliana ar a laghad.

3. Cuirfidh na Ballstáit **na gnéithe ábhartha** dá straitéisí in iúl, **lena n-áirítear eilimintí dá dtagraítear i mír 2,** agus aon eolas breise **ina leith** ina dhiaidh sin [...], don Choimisiún laistigh de thrí mhí tar éis a nglactha.

*Airteagal 4*

*Measúnú riosca a dhéanfaidh na Ballstáit*

1. Bunóidh údaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 8 liosta seirbhísí fíor-riachtanacha sna hearnálacha dá dtagraítear san Iarscríbhinn. Déanfaidh siad **measúnú riosca** faoin [trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus i gcás inar gá ina dhiaidh sin, agus gach ceithre bliana ar a laghad, [...] d'fhonn eintitis chriticiúla a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 5[...] agus d'fhonn cúnamh a thabhairt do na heintitis chriticiúla sin bearta a dhéanamh de bhun Airteagal 11.

Áireofar sa mheasúnú riosca [...] na rioscaí nádúrtha agus na rioscaí de dhéantús an duine, lena n-áirítear timpistí, tubaistí nádúrtha, éigeandálaí sláinte poiblí agus **bagairtí hibrideacha nó** bagairtí eascairdiúla **eile**, lena n-áirítear cionta sceimhlitheoireachta de bhun Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37].

Agus an measúnú riosca á dhéanamh acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh [...] **an méid seo a leanas, ar a laghad**:

(a) an measúnú riosca ginearálta a dhéantar de bhun Airteagal 6(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38];

(b) measúnuithe riosca ábhartha eile, a dhéantar i gcomhréir le ceanglais na ngníomhartha ábhartha de dhlí an Aontais, ar gníomhartha iad atá bainteach le hearnáil ar leith, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39]**,** [...] Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40]**, Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] agus Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42]**;

---

37 Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

38 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

39 Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le hullmhacht i gcomhair rioscaí in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/CE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 1).

40 Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lch. 1).

41 **Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle (IO L 197, 24.7.2012, lch. 1).**

42 **Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le measúnú agus bainistiú baol tuilte (IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).**

(c) aon riosca **ábhartha** a eascraíonn ó na spleáchais idir na hearnálacha dá dtagraítear san Iarscríbhinn, lena n-áirítear [...] **spleáchais ar eintitis atá lonnaithe i** mBallstáit eile agus ó thríú tíortha, agus an tionchar a d'fhéadfadh suaitheadh **suntasach** in earnáil amháin a imirt ar earnálacha eile;

(d) aon fhaisnéis **ábhartha** maidir le teagmhais a dtugtar fógra fúthu i gcomhréir le hAirteagal 13.

Chun críocha na chéad fomhíre, pointe (c), oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le húdaráis inniúla Ballstáit agus tríú tíortha eile, de réir mar is iomchuí.

3. Cuirfidh na Ballstáit na heilimintí ábhartha den mheasúnú riosca dá dtagraítear i mír 1 ar fáil do na heintitis chriticiúla a shainaithin siad i gcomhréir le hAirteagal 5. **Leis an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil do na heintitis chriticiúla** [...] tabharfar cúnamh [...] **dóibh** a measúnú riosca a dhéanamh, de bhun Airteagal 10, agus chun bearta a dhéanamh lena n-athléimneacht a áirithiú de bhun Airteagal 11.

4. Cuirfidh gach Ballstát [...] na cineálacha rioscaí a sainaithníodh agus torthaí **achoimrithe** na measúnuithe riosca ar fáil don Choimisiún, [...] [...] [...] , [...] **laistigh de** [[...]**3 mhí tar éis measúnú riosca a dhéanamh**] agus i gcás inar gá dá éis sin, agus gach 4 bliana ar a laghad.

5. Forbr**óidh** [...] an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, teimpléad tuairiscithe coiteann deonach chun mír 4 a chomhlíonadh.

*Airteagal 5*

*Eintitis chriticiúla a shainaithint*

1. Déanfaidh na Ballstáit na heintitis chriticiúla a shainaithint le haghaidh [...] earnála**cha** agus fo-earnála**cha** dá dtagraítear san Iarscríbhinn[...], faoi [[...]**4 bliana** tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

2. Agus eintitis chriticiúla á sainaithint ag na Ballstáit de bhun mhír 1, cuirfidh siad torthaí an mheasúnaithe riosca san áireamh de bhun Airteagal 4 agus cuirfidh siad na critéir **uile** [...] seo a leanas i bhfeidhm:

   (a) déanann an t-eintiteas seirbhís bhunriachtanach amháin nó níos mó a sholáthar;

   (b) [...] tá **an t-eintiteas** agus a bhonneagar **criticiúil** lonnaithe [...] **ar chríoch an** Bhallstáit **atá chun é a shainaithint**; agus

   (c) bheadh éifeachtaí suaiteacha móra ag teagmhas ar sholáthar na [...] seirbhís**í bunriachtanacha seo** nó ar sholáthar seirbhísí bunriachtanacha eile sna hearnálacha dá dtagraítear san Iarscríbhinn [...] **de bhun Airteagal 6(1)**.

3. Déanfaidh gach Ballstát liosta de na heintitis chriticiúla atá sainaitheanta a bhunú agus áiritheoidh siad go dtabharfar fógra do na heintitis chriticiúla sin faoina sainaithint mar eintitis chriticiúla laistigh d'aon mhí amháin tar éis an tsainaitheantais sin. **Cuirfidh na Ballstáit** in iúl [...] do na heintitis chriticiúla [...] a n-oibleagáidí de bhun Chaibidlí [...] **III** agus [...] **IV** agus faoin dáta óna mbeidh [...] feidhm ag **na** forálacha sin [...] maidir leo, **gan dochar d'Airteagal 7.**

Maidir leis na heintitis chriticiúla lena mbaineann, [...] beidh feidhm ag forálacha [...] **Chaibidlí** III **agus IV** ó [...] **12** mhí tar éis an dáta sin, **seachas na forálacha d'Airteagal 14(2)(a) a mbeidh feidhm leo ó dháta an fhógra.**

4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh a n-údaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 8 den Treoir seo fógra do na húdaráis inniúla a ainmneofar [...] i gcomhréir le hAirteagal 8 de [Treoir NIS 2] faoi cé hiad na heintitis chriticiúla a shainaithin siad faoin Airteagal seo laistigh de mhí amháin tar éis a sainaitheanta.

[...]

6. [...]

7. I gcás inar gá agus gach 4 bliana ar a laghad, déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar an liosta de na heintitis chriticiúla a sainaithníodh agus, i gcás inarb iomchuí, nuashonróidh siad é.

I gcás ina sainaithneofar eintitis chriticiúla bhreise de bharr na nuashonruithe sin, beidh feidhm ag míreanna 3[...] **agus** 4 [...]. Ina theannta sin, aon eintiteas nach bhfuil sé sainaitheanta gur eintiteas criticiúil é a thuilleadh de bhun aon nuashonrú den sórt sin, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar fógra dó faoin méid sin agus go gcuirfear ar an eolas é nach bhfuil sé faoi réir na n-oibleagáidí de bhun Chaibidil III a thuilleadh ón uair a gheobhaidh sé an fhaisnéis sin.

*Airteagal 6*

*Éifeacht shuaiteach mhór*

1. Agus an tábhacht a bhaineann le héifeacht shuaiteach dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (c), á dhéanamh amach ag na Ballstáit, cuirfidh siad na critéir seo a leanas san áireamh:

(a) an líon úsáideoirí a bhíonn ag brath ar an tseirbhís **bhunriachtanach** a sholáthraíonn an t-eintiteas;

(b) spleáchas earnálacha eile dá dtagraítear san Iarscríbhinn ar an tseirbhís **bhunriachtanach** sin;

(c) an tionchar a d’fhéadfadh teagmhais a imirt ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha, ar an gcomhshaol agus ar an tsábháilteacht agus ar an **tslándáil** phoiblí, agus ar **shláinte an phobail**;

(d) an sciar den mhargadh atá ag an eintiteas i margadh na seirbhísí sin;

(e) an limistéar geografach a bhféadfadh teagmhas difear a dhéanamh dó, lena n-áirítear aon tionchar trasteorann;

(f) an tábhacht a bhaineann leis an eintiteas maidir le leibhéal leordhóthanach seirbhíse a choinneáil ar bun, agus an fháil a bheith ar mhodhanna malartacha chun an tseirbhís **bhunriachtanach** sin a sholáthar á cur san áireamh.

2. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin [...] **laistigh de** [...] 3 mhí [...] **de na** [...] **heintitis chriticiúla a shainaithint]**:

(a) an liosta seirbhísí **bunriachtanacha** dá dtagraítear in Airteagal 4(1);

(b) an líon eintiteas criticiúil a sainaithníodh i ngach earnáil agus fo-earnáil dá dtagraítear san Iarscríbhinn [...];

(c) aon tairseach a cuireadh i bhfeidhm chun ceann amháin nó níos mó de na critéir i mír 1 a shonrú, **ar tairseacha iad is féidir a chur i láthair amhlaidh nó i bhfoirm chomhiomlán**.

Cuirfidh siad an fhaisnéis sin isteach i gcás inar gá agus gach 4 bliana ar a laghad.

3. Glac**faidh** an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil, treoirlínte **neamhcheangailteacha** a ghlacadh chun cur i bhfeidhm na gcritéar dá dtagraítear i mír 1 a éascú, agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 á cur san áireamh.

*Airteagal 7*

*[...] [...]**E**intitis chriticiúla [...] in earnálacha na baincéireachta, an bhonneagair margaidh airgeadais agus an bhonneagair dhigitigh*

[...]

[...]

[...]

**Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag forálacha Airteagal 9a agus Chaibidlí III go VI maidir le heintitis chriticiúla ainmnithe sna hearnálacha dá dtagraítear i bpointí 3, 4 agus 8 den tábla san Iarscríbhinn.**

*Airteagal 8*

*Údaráis náisiúnta inniúla agus pointí teagmhála aonair*

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as rialacha na Treorach seo a chur i bhfeidhm i gceart agus, i gcás inar gá, a fhorfheidhmiú ar an leibhéal náisiúnta ('údarás inniúil'). Féadfaidh na Ballstáit údarás nó údaráis atá ann cheana a ainmniú. **Maidir leis na heintitis chriticiúla sna hearnálacha dá dtagraítear i bpointí 3 agus 4 den tábla san Iarscríbhinn, is iad na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 41 de [Rialachán DORA] na húdaráis a ainmneofar mar údaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí. . Maidir leis na heintitis chriticiúla dá dtagraítear i bpointe 8 den tábla san Iarscríbhinn, is iad na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 8 de [Treoir NIS 2] na húdaráis inniúla i gcás inarb iomchuí..**

   I gcás ina n-ainmneoidh siad níos mó ná údarás amháin, leagfaidh siad amach go soiléir cúraimí sonracha na n-údarás lena mbaineann agus áiritheoidh siad go n-oibreoidh siad i gcomhar go héifeachtach chun a gcuid cúraimí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear cúraimí maidir le hainmniú agus gníomhaíochtaí an phointe teagmhála aonair dá dtagraítear i mír 2.

2. Ainmneoidh [...] gach Ballstát [...] **aon** phointe teagmhála **náisiúnta** aonair chun feidhm idirchaidrimh a fheidhmiú chun comhar trasteorann idir na Ballstáit a áirithiú le[...] **pointí teagmhála aonair** na mBallstát eile agus leis an nGrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil dtagraítear in Airteagal 16 ('pointe teagmhála aonair').

3. Faoin [[...]**<u>7</u>** mbliana [...] tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach **<u>2</u>** [...] **<u>bhliain</u>** dá éis sin, cuirfidh na pointí teagmhála aonair tuarascáil achomair faoi bhráid an Choimisiúin agus an Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil maidir leis na fógraí a fuarthas, lena n-áirítear an líon fógraí, cineál na dteagmhas ar tugadh fógra ina leith agus na bearta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 13(3).

**<u>Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an nGrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil, teimpléad tuairiscithe coiteann deonach a fhorbairt don tuarascáil achomair dá dtagraítear san fhomhír thuas.</u>**

4. Áiritheoidh gach Ballstát go **[...]** **<u>mbeidh</u>** na cumhachtaí agus na hacmhainní leordhóthanacha airgeadais, daonna agus teicniúla ag an údarás inniúil[...] **<u>agus</u>** an pointe teagmhála aonair, chun na cúraimí a shannfar [...] **<u>dóibh</u>** a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh a n-údaráis inniúla i gcomhairle le húdaráis náisiúnta ábhartha eile agus go n-oibreoidh siad i gcomhar leo, nuair is iomchuí agus i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, [...] **<u>lena n-áirítear</u>** na húdaráis sin a bhfuil an chosaint shibhialta, forfheidhmiú an dlí agus cosaint sonraí pearsanta ina gcúraimí orthu, chomh maith le **<u>heintitis chriticiúla agus</u>** [...] páirtithe leasmhara ábhartha[...].

6. Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh a n-údaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun an Airteagail seo i gcomhar le, agus **<u>malartóidh siad faisnéis</u>** le húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun [Treoir NIS 2] i dtaca le rioscaí cibearshlándála, **<u>cibearbhagairtí</u>** agus [...] cibirtheagmhais **<u>agus rioscaí, bagairtí agus teagmhas, nach bhfuil cibirghné ag baint leo</u>** a dhéanann difear d'eintitis chriticiúla, agus i dtaca leis na bearta **[...]** **<u>ábhartha</u>** a dhéanann údaráis inniúla arna n-ainmniú faoi [Threoir NIS 2] **<u>agus faoin Treoir seo</u>** [...].

7. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoi ainmniú an údaráis inniúil agus an phointe teagmhála aonair laistigh de 3 mhí ón ainmniúchán sin, lena n-áirítear a gcuid cúraimí agus freagrachtaí faoin Treoir seo, a gcuid sonraí teagmhála agus aon athrú a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin.

   **<u>I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit údaráis eile seachas na húdaráis sin a luaitear faoi mhír 1, an dara fomhír, a cheapadh mar na húdaráis inniúla ainmnithe maidir leis na heintitis chriticiúla dá dtagraítear i bpointí 3, 4 agus 8 den tábla san Iarscríbhinn, sonróidh siad an méid sin don Choimisiún freisin.</u>**
   Poibleoidh gach Ballstát an t-údarás inniúil agus an pointe teagmhála aonair a d'ainmnigh siad.

8. Foilseoidh an Coimisiún liosta de phointí teagmhála aonair na mBallstát.

*Airteagal 9*

*Tacaíocht ó na Ballstáit do na heintitis chriticiúla*

1. Tacóidh na Ballstáit le heintitis chriticiúla agus iad ag feabhsú a n-athléimneachta. D'fhéadfadh a bheith san áireamh sa tacaíocht sin ábhair threoracha agus modheolaíochtaí treoracha a fhorbairt, tacú le cleachtaí a eagrú chun an athléimneacht a thástáil, agus **comhairle agus** oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne eintiteas criticiúil.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh na húdaráis inniúla i gcomhar le heintitis chriticiúla na n-earnálacha dá dtagraítear san Iarscríbhinn agus go malartóidh siad faisnéis agus dea-chleachtais leo.

3. **Éascóidh** [...] na Ballstáit malartú faisnéise deonach idir eintitis chriticiúla i ndáil le hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta maidir le faisnéis **rúnaicmithe agus íogair**, iomaíochas agus cosaint sonraí pearsanta go háirithe.

*Airteagal 9a*

*Comhar idir na Ballstáit*

**Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le chéile maidir le heintitis chriticiúla nuair is iomchuí sin chun an Treoir a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach. Beidh na comhairliúcháin sin ar siúl go háirithe maidir le heintitis chriticiúla:**

a) **a úsáideann bonneagar criticiúil atá nasctha go fisiceach idir dhá Bhallstát nó níos mó;**

b) **atá mar chuid de struchtúir chorparáideacha atá nasctha le heintitis chriticiúla i mBallstáit eile;**

c) **a sainaithníodh amhlaidh i mBallstát amháin agus a chuireann seirbhísí bunriachtanacha ar fáil do Bhallstáit eile nó i mBallstáit eile.**

**Beidh sé d'aidhm ag na comhairliúcháin feabhas a chur ar athléimneacht na n-eintiteas criticiúil agus, i gcás inar féidir, an t-ualach riaracháin ar na heintitis chriticiúla a laghdú.**

# CAIBIDIL III

## ATHLÉIMNEACHT EINTITEAS CRITICIÚIL

*Airteagal 10*

*Measúnú riosca a dhéanfaidh eintitis chriticiúla*

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh eintitis chriticiúla measúnú ar na rioscaí ábhartha uile a d'fhéadfadh [...] **soláthar a seirbhísí bunriachtanacha** a shuaitheadh, agus go ndéanfaidh siad é sin laistigh de [...]**12** mhí tar éis dóibh an fógra dá dtagraítear in Airteagal 5(3), agus i gcás inar gá dá éis sin, agus gach 4 bliana ar a laghad, ar bhonn mheasúnú riosca na mBallstát agus foinsí faisnéise ábhartha eile.

Áireofar i measúnú riosca **na n-eintiteas criticiúil** [...] na rioscaí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a d'fhéadfadh [...] [...]**teagmhas** a bheith ann dá dtoradh. Cuirfear san áireamh ann aon [...] **spleáchais** atá ag earnálacha eile, nó spleáchais **atá ar** earnálacha eile dá dtagraítear san Iarscríbhinn ar an tseirbhís bhunriachtanach a sholáthraíonn an t-eintiteas criticiúil, lena n-áirítear sna Ballstáit chomharsanachta agus i dtríú tíortha i gcás inarb ábhartha**.**[...] **Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt don choibhéis, ina hiomláine nó i bpáirt, idir na measúnuithe riosca a rinneadh cheana ar eintitis chriticiúla a mhéid a thugann siad aghaidh ar na rioscaí agus na spleáchais dá dtagraítear san Airteagal seo.**

*Airteagal 11*

*Bearta athléimneachta de chuid eintiteas criticiúil*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na heintitis chriticiúla bearta teicniúla, **slándála** agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach chun a n-athléimneacht a áirithiú, **i gcomhréir le torthaí na measúnuithe riosca dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 10**, lena n-áirítear na bearta riachtanacha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) tarlú teagmhas a chosc, agus [...] [...] **aird chuí á tabhairt ar** laghdú rioscaí tubaiste agus bearta oiriúnaithe don athrú aeráide;

(b) cosaint fhisiceach leormhaith a áirithiú **<u>ar an áitreabh agus ar an mbonneagar criticiúil</u>** [...], **<u>agus aird chuí á tabhairt ar bhearta amhail</u>** fálú, bacainní, uirlisí agus gnáthaimh faireacháin imlíne, chomh maith le trealamh braite agus rialuithe rochtana;

(c) iarmhairtí teagmhas a chomhrac agus a mhaolú **<u>agus freagairt orthu sin</u>**, [...] **<u>agus aird chuí á tabhairt</u>** ar nósanna imeachta agus prótacail um rioscaí agus um bainistíocht géarchéime agus gnáthaimh foláirimh a chur chun feidhme;

(d) téarnamh ó theagmhais, [...] **<u>agus aird chuí á tabhairt</u>** ar bearta leanúnachais gnó agus slabhraí soláthair malartacha a shainaithint;

(e) bainistíocht cosanta fostaithe leormhaith a áirithiú, [...] agus aird chuí á tabhairt ar bhearta amhail [...] catagóirí pearsanra a dhéanann feidhmeanna criticiúla a leagan amach, cearta rochtana ar **[...]** **<u>áitreabh</u>**, ar bhonneagar **<u>criticiúil</u>**, agus [...] ar fhaisnéis íogair a bhunú, chomh maith le catagóirí **<u>daoine</u>** a **<u>ainmniú</u>** **<u>agus nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin a bhunú</u>** [...] i **<u>gcomhréir le</u>** hAirteagal 12;

(f) feasacht a mhúscailt maidir leis na bearta dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) i measc an phearsanra ábhartha, **<u>agus aird chuí á tabhairt ar chúrsaí oiliúna, ábhair faisnéise agus ar chleachtais.</u>**

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh eintitis chriticiúla plean athléimneachta ar bun, nó doiciméad nó doiciméid atá coibhéiseach le plean athléimneachta, agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm iad, doiciméadacht ina dtabharfar tuairisc [...] ar na bearta de bhun mhír 1. I gcás ina ndéanfaidh eintitis chriticiúla bearta de bhun oibleagáidí atá i ngníomhartha eile de dhlí an Aontais den dlí **náisiúnta nó idirnáisiúnta** [...]**. Féadfaidh na Ballstáit coibhéis a shainaithint, ina hiomláine nó i bpáirt, idir na bearta sin agus iad siúd dá dtagraítear i mír 1, nó a áirithiú go ndéanfaidh eintitis chriticiúla** [...] cur síos ar na bearta sin sa phlean athléimneachta nó i ndoiciméad nó doiciméid choibhéiseacha.

**2a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gach eintiteas criticiúil oifigeach idirchaidrimh nó a choibhéis a ainmniú mar phointe teagmhála leis na húdaráis inniúla.**

3. Arna iarraidh sin ó Bhallstát a shainaithin an t-eintiteas criticiúil agus le comhaontú an eintitis chriticiúil lena mbaineann, eagróidh an Coimisiún misin chomhairleacha, i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach in Airteagal 15[...](5), (7) agus (8), chun comhairle a chur ar fáil don eintiteas criticiúil lena mbaineann maidir lena gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh de bhun Chaibidil III. Déanfaidh an misean comhairleach na torthaí a thuairisciú don Choimisiún, don Bhallstát sin agus don eintiteas criticiúil lena mbaineann.

4. [...]

**Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil, treoirlínte neamhcheangailteacha a ghlacadh chun sonrú breise a dhéanamh ar na bearta teicniúla, slándála agus eagraíochtúla is féidir a dhéanamh de bhun mhír 1.**

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na sonraíochtaí teicniúla agus modheolaíochta riachtanacha a leagan amach a bhaineann le cur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

*Airteagal 12*

*Seiceálacha Cúlra*

1. **Féadfaidh** na Ballstáit a [...] áirithiú , **i gcás inarb iomchuí**, go bhfuil cead ag eintitis chriticiúla [...] iarrataí ar sheiceálacha cúlra a chur isteach ar dhaoine:

**a)** **a bhfuil róil íogaire nó ainmnithe á gcomhlíonadh acu san eintiteas criticiúil nó thar a cheann;**

**b)** **go bhfuil sainordú acu a n-áitreabh a úsáid nó a chothabháil - go díreach nó go cianda - lena n-áirítear i ndáil le slándáil daoine, earraí nó faisnéise;** [...], [...]

**c)** [...] **atá** á meas le haghaidh earcaíochta do phoist [...] [...] **a bhaineann leis na róil a luaitear faoi phointí a) agus b).**

[...] Déan**far** measúnú ar na hiarrataí **[...]** **sin** **laistigh de thréimhse ama réasúnta** [...] **agus déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir leis an reachtaíocht agus na nósanna imeachta náisiúnta.**

2. [...][43] [...] [...]

[...]

[...]

[...]

[...] **Úsáidfidh na** **Ballstáit, chun críocha faisnéis a fháil** maidir le taifid choiriúla ó Bhallstáit eile, an **Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla** [...] ( ECRIS,) i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i gCinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle agus, i gcás inarb ábhartha agus **inarb infheidhme**, Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44]. Na húdaráis láir dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chinneadh Réime sin agus in Airteagal 3(5) den Rialachán sin, tabharfaidh siad freagraí ar iarrataí ar fhaisnéis den sórt sin laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh a fháil, **i gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Chinneadh Réime**.

43 [...]
44 IO L 135, 22.5.2019, lch. 1.

[...]

*Airteagal 13*

*Fógra faoi theagmhais*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh eintitis chriticiúla fógra gan moill mhíchuí don údarás inniúil faoi theagmhais a shuaitheann go mór a n-oibríochtaí nó a d'fhéadfadh [...] **soláthar a gcuid seirbhísí bunriachtanacha** a shuaitheadh go mór. [...] **Chun a chinneadh a shuntasaí atá sé, cuirfear na paraiméadair seo a leanas, go háirithe, san áireamh:**

   **a) líon agus sciar na n-úsáideoirí lena mbaineann**

   **b) an ré**

   **c) an limistéar geografach lena mbaineann.**

2. [...]

[...]

[...]

[...]

**Áireofar sna fógraí aon fhaisnéis atá ar fáil a bhfuil gá léi chun é a chur ar a chumas don údarás inniúil tuiscint a bheith aige ar an gcineál teagmhais atá ann, ar an gcúis a bhí leis agus ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith leis, lena n-áirítear aon tionchar trasteorann atá ag an teagmhas a dhéanamh amach. Leis an bhfógra sin, ní bheidh an t-eintiteas criticiúil faoi réir dliteanas méadaithe.**

3. Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-eintiteas criticiúil ar fáil san fhógra, cuirfidh an t-údarás inniúil pointe teagmhála aonair na mBallstát lena mbaineann ar an eolas, tríd [...] **an** bpointe teagmhála aonair féin, má tá tionchar mór ag an teagmhas nó go bhféadfaidh tionchar mór a bheith ag an teagmhas ar eintitis chriticiúla agus ar leanúnachas an tsoláthair seirbhísí bunriachtanacha i mBallstát amháin nó níos mó.

Leis sin, déanfaidh na pointí teagmhála aonair, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an reachtaíocht náisiúnta [...], an fhaisnéis a láimhseáil ar bhealach ina n-urramófar rúndacht na faisnéise sin agus ina gcosnófar slándáil agus leasanna tráchtála an eintitis lena mbaineann.

4. A luaithe is féidir tar éis dó fógra a fháil i gcomhréir le mír 1, tabharfaidh an t-eintiteas inniúil faisnéis ábhartha don eintiteas criticiúil [...], **faisnéis** [...] ábhartha faoi na [...] bearta leantacha, lena n-áirítear faisnéis a d'fhéadfadh tacú le freagairt éifeachtach an eintitis chriticiúil ar an teagmhas.

## CAIBIDIL IV

## [...] EINTITIS CHRITICIÚLA A bhFUIL TÁBHACHT EORPACH AR LEITH AG BAINT LEO

*Airteagal 14*

***Sainaithint** na n-eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leo*

[...]

2. Measfar eintiteas a bheith ina eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis nuair a bheidh sé sainaitheanta gur eintiteas criticiúil é **de bhun Airteagal 5(1),** [...] go soláthraíonn sé seirbhísí fíor-riachtanacha do níos mó ná trian amháin de na Ballstáit nó i níos mó ná trian de na Ballstáit, agus nuair a bheidh fógra tugtha **dó** [...] de bhun [...] **mhír 3;**

**2a Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh eintiteas criticiúil, tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 5(3), faisnéis dá údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 8 den Treoir seo, nuair a sholáthraíonn sé seirbhísí fíor-riachtanacha do bhreis is trian amháin de na Ballstáit nó i mbreis is trian de na Ballstáit, agus más amhlaidh atá, cé hiad na seirbhísí riachtanacha sin agus cé hiad na Ballstáit dá soláthraítear iad nó ina soláthraítear iad.**

**Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún, gan moill mhíchuí, faoin bhfaisnéis sin agus faoi cé hé an t-eintiteas criticiúil sin.**

**Rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le húdaráis inniúla an Bhallstáit a shainaithin eintiteas criticiúil den sórt sin agus údaráis Ballstát eile lena mbaineann, agus leis an eintiteas criticiúil. Le linn na gcomhairliúchán sin, cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún má mheasann sé gur seirbhísí fíor-riachtanacha iad na seirbhísí a chuireann an t-eintiteas criticiúil ar fáil dó.**

3. **Má shuíonn an Coimisiún, ar bhonn na gcomhairliúchán i mír 2a, go gcuireann an t-eintiteas criticiúil lena mbaineann seirbhísí fíor-riachtanacha ar fáil do bhreis is trian amháin de na Ballstáit nó i mbreis is trian de na Ballstáit,** [...] [...] tabharfaidh sé fógra don eintiteas lena mbaineann, **trína údarás inniúil,** gur eintiteas criticiúil é a mheastar tábhacht Eorpach ar leith a bheith ag baint leis, agus cuirfidh sé an t-eintiteas sin ar an eolas faoina oibleagáidí de bhun na Caibidle seo agus faoin dáta óna mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí sin maidir leis.

**3a.** Beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir leis an eintiteas criticiúil lena mbaineann a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis ón dáta a bhfuarthas [...] **an** fógra **dá dtagraítear i mír 3**.

*Airteagal 15*

*[...]**<u>Misin Chomhairleacha</u>***

1. [...]

[...]

**<u>Féadfaidh an Ballstát ina bhfuil eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis lonnaithe a iarraidh ar an gCoimisiún misean comhairleach a eagrú chun measúnú a dhéanamh ar na bearta a chuir an t-eintiteas lena mbaineann i bhfeidhm chun a oibleagáidí de bhun Chaibidil III a chomhlíonadh.</u>**

**<u>1a Féadfaidh Ballstát amháin nó níos mó dá gcuirtear an tseirbhís fíor-riachtanach ar fáil nó ina gcuirtear ar fáil í, nó féadfaidh an Coimisiún, misean comhairleach dá dtagraítear i mír 1 a iarraidh freisin. Ar chomhaontú an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis lonnaithe, eagróidh an Coimisiún an misean comhairleach sin.</u>**

2. [...]

**Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó Bhallstát amháin nó níos mó dá gcuirtear an tseirbhís fíor-riachtanach ar fáil nó ina gcuirtear ar fáil í, nó ón gCoimisiún, déanfaidh an Ballstát ina bhfuil an t-eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis lonnaithe an méid seo a leanas a chur ar fáil:**

**a. achoimre ar thoradh an mheasúnaithe riosca a rinneadh de bhun Airteagal 10;**

**b. achoimre ar na bearta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 11;**

**c. gníomhaíochtaí maoirseachta nó forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear measúnuithe ar chomhlíonadh nó orduithe arna n-eisiúint, atá déanta ag a údarás inniúil de bhun Airteagail 18 agus 19 i dtaca leis an eintiteas sin.**

3. Déanfaidh an misean comhairleach na torthaí a thuairisciú don Choimisiún, [...]**, don Bhallstát ina bhfuil an t-eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis lonnaithe, do na Ballstáit dá gcuirtear an tseirbhís fíor-riachtanach ar fáil nó ina gcuirtear ar fáil í agus don eintiteas lena mbaineann** laistigh de thréimhse trí mhí tar éis an misean comhairleach a thabhairt i gcrích.

Déanfaidh [...] **na Ballstáit dá gcuirtear an tseirbhís fíor-riachtanach ar fáil nó ina gcuirtear ar fáil í** anailís ar an tuarascáil agus, i gcás inar gá, cuirfidh siad comhairle ar an gCoimisiún i dtaobh an gcomhlíonann an t-eintiteas criticiúil lena mbaineann a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis a chuid oibleagáidí de bhun Chaibidil III agus, i gcás inarb iomchuí, i dtaobh na mbeart a d’fhéadfaí a dhéanamh chun athléimneacht an eintitis sin a fheabhsú.

Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na comhairle sin, a [...] **thuairim** a chur in iúl don Bhallstát ina [...] bhfuil an t-eintiteas sin lonnaithe, [...] **do na Ballstáit dá gcuirtear an tseirbhís fíor-riachtanach ar fáil nó ina gcuirtear ar fáil í** agus don eintiteas sin i dtaobh an gcomhlíonann an t-eintiteas sin a chuid oibleagáidí de bhun Chaibidil III agus, i gcás inarb iomchuí, i dtaobh na mbeart a d’fhéadfaí a dhéanamh chun athléimneacht an eintitis sin a fheabhsú.

**Áiritheoidh** an Ballstát sin **go dtabharfaidh an t-údarás inniúil agus t-eintiteas criticiúil lena mbaineann** aird chuí ar [...] **an tuairim sin** agus go dtabharfaidh siad faisnéis don Choimisiún agus[...] do **na Ballstáit dá gcuirtear an tseirbhís ar fáil nó ina gcuirtear ar fáil í** faoi [...] na bearta atá déanta aige de bhun [...] **na tuairime sin**.

4. Is saineolaithe ón **mBallstát ina bhfuil an t-eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis lonnaithe,** na Ballstáit **dá gcuirtear an tseirbhís ar fáil nó ina gcuirtear ar fáil í**, agus ionadaithe ón gCoimisiún a bheidh ar gach misean comhairleach. Féadfaidh na Ballstáit **sin** iarrthóirí a mholadh le bheith ina gcuid de mhisean comhairleach. Déanfaidh an Coimisiún, **tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát ina bhfuil an t-eintiteas criticiúil lonnaithe**, comhaltaí gach misin chomhairligh a roghnú agus a cheapadh de réir a n-acmhainneachta gairmiúla agus áiritheoidh sé, **i gcás inar féidir**, ionadaíocht chothrom ó thaobh geografaíochta de [...] ó na Ballstáit **sin go léir**. **Beidh imréiteach slándála bailí iomchuí ag comhaltaí an mhisin chomhairligh nuair is gá sin.** Is é an Coimisiún a sheasfaidh na costais a bhaineann le rannpháirtíocht sa mhisean comhairleach.

Eagróidh an Coimisiún an clár a bheidh ag misean comhairleach, i gcomhairle le comhaltaí an mhisin chomhairligh shonraigh agus i gcomhaontú leis an mBallstát ina [...] bhfuil an t-eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ag baint leis lonnaithe.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagfar síos rialacha maidir leis na socruithe nós imeachta le haghaidh **iarrataí agus láimhseáil na n-iarrataí, chun** misin chomhairleacha a sheoladh agus a thuairisciú **agus chun an chumarsáid maidir leis an tuairim ón gCoimisiún agus na bearta arna ndéanamh a láimhseáil, agus rúndacht agus íogaireacht tráchtála na faisnéise lena mbaineann á gcur san áireamh go cuí**. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

6. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh an t-eintiteas criticiúil lena mbaineann a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis rochtain don mhisean comhairleach ar [...] fhaisnéis, córais agus saoráidí a bhaineann le soláthar a sheirbhísí fíor-riachtanacha, nithe a bhfuil gá leo chun [...] **an misean comhairleach a chur i gcrích**.

7. Cuirfear an misean comhairleach i gcrích i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme sa Bhallstát ina [...] **bhfuil an t-eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis** lonnaithe, **agus urraim á tabhairt d'fhreagracht an Bhallstáit sin as an tslándáil náisiúnta agus as a leasanna slándála a chosaint**.

8. Agus na misin chomhairleacha á n-eagrú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh na tuarascálacha ó aon chigireachtaí atá déanta aige faoi Rialachán (CE) 300/2008 agus Rialachán (CE) 725/2004 agus na tuarascálacha ó aon fhaireacháin atá déanta aige faoi Threoir 2005/65/CE i ndáil leis an eintiteas criticiúil nó leis an eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis, de réir mar is iomchuí.

**9. Cuirfidh an Coimisiún an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil ar an eolas aon uair a eagrófar misean comhairleach. Cuirfidh an Ballstát ina bhfuil an t-eintiteas criticiúil a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leis lonnaithe agus an Coimisiún an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil ar an eolas freisin faoin tuarascáil achomair ón misean comhairleach agus faoi na ceachtanna a foghlaimíodh d'fhonn foghlaim fhrithpháirteach a chur chun cinn.**

## CAIBIDIL V
## COMHAR AGUS TUAIRISCIÚ

*Airteagal 16*
*An Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil*

1. Bunaítear Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil le héifeacht ó [dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Tacóidh sé leis an gCoimisiún agus éascóidh sé comhar [...] **idir na Ballstáit** agus malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Treoir seo.

2. Is ionadaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún **a bhfuil imréiteach slándála acu, i gcás inarb iomchuí**, a bheidh sa Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil. I gcás inarb ábhartha chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil a iarraidh ar [...] **gheallsealbhóirí eile** páirt a ghlacadh ina chuid oibre.

Is ionadaí ón gCoimisiún a bheidh ina chathaoirleach ar an nGrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil.

3. Beidh na cúraimí seo a leanas ar an nGrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil:

(a) tacú leis an gCoimisiún cúnamh a thabhairt do na Ballstáit an acmhainneacht atá acu a threisiú maidir le hathléimneacht na n-eintiteas criticiúil a áirithiú i gcomhréir leis an Treoir seo;

(b) [...] **<u>anailís</u>** a dhéanamh ar na straitéisí maidir le hathléimneacht na n-eintiteas criticiúil dá dtagraítear in Airteagal 3 [...] **<u>chun</u>** na dea-chleachtais i ndáil leis na straitéisí sin **<u>a shainaithint</u>**;

(c) éascú a dhéanamh ar mhalartú dea-chleachtas maidir le heintitis chriticiúla a shainaithint ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 5, lena n-áirítear maidir le spleáchais trasteorann agus maidir le rioscaí agus teagmhais**<u>,</u>**<u>[...]</u> **<u>mar aon leis an gcur chuige náisiúnta maidir leis an gcóras coibhéise a chur chun feidhme;</u>**

(d) rannchuidiú le hullmhú na dtreoirlínte dá dtagraítear in [...] **<u>Airteagail</u>** 6(3) **<u>agus 11(4)</u>** agus, **<u>arna iarraidh sin,</u>** le hullmhú aon ghníomhartha [...] cur chun feidhme faoin Treoir seo[...];

(e) [...] **<u>anailís</u>** a dhéanamh, [...] ar na tuarascálacha achoimre dá dtagraítear in Airteagal 8(3);

(f) dea-chleachtais a mhalartú [...] a bhaineann le fógra a thabhairt faoi theagmhais dá dtagraítear in Airteagal 13;

(g) [...] na tuarascálacha **<u>achomair</u>** ó mhisin chomhairleacha **<u>agus na ceachtanna a foghlaimíodh</u>** i gcomhréir le hAirteagal 15([...]**<u>9</u>**);

(h) faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le taighde agus forbairt a bhaineann le hathléimneacht na n-eintiteas criticiúil i gcomhréir leis an Treoir seo;

(i) i gcás inarb ábhartha, faisnéis maidir le hábhair a bhaineann le hathléimneacht eintiteas criticiúil, an fhaisnéis sin a mhalartú le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais.

4. Faoin [24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach dhá bhliain dá éis sin, bunóidh an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil clár oibre i dtaca le gníomhaíochtaí atá le déanamh chun a chuspóirí agus a chúraimí a chur chun feidhme, clár a bheidh comhsheasmhach le ceanglais agus le cuspóirí na Treorach seo.

5. Tiocfaidh an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil le chéile go tráthrialta agus uair sa bhliain ar a laghad leis an nGrúpa Comhair arna bhunú faoi [Threoir NIS 2] chun comhar [...] a chur chun cinn agus malartú faisnéise a **éascú**.

6. **Glacfaidh** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme [...] lena leagfar síos na socruithe nós imeachta riachtanacha le haghaidh fheidhmiú an Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil **de bhun fhorálacha Airteagal 1.4**. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

7. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil achomair maidir leis an bhfaisnéis a chuireann na Ballstáit ar fáil de bhun Airteagal 3(3) agus Airteagal 4(4) a chur ar fáil don Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil faoin [3 bliana agus [...] **9** mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus i gcás inar gá ina dhiaidh sin, agus gach 4 bliana ar a laghad.

*Airteagal 17*

*Tacaíocht ón gCoimisiún d'údaráis inniúla agus d'eintitis chriticiúla*

1. Tacóidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, leis na Ballstáit agus le heintitis chriticiúla agus iad ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin Treoir seo**.** [...] [...] **Ullmhóidh an Coimisiún** forléargas ar leibhéal an Aontais ar rioscaí trasteorann trasearnála a bhaineann le soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha, [...] **eagróidh sé** na misin chomhairleacha dá dtagraítear in Airteagail 11(3) agus 15[...] agus **éascóidh sé** malartú faisnéise idir **na Ballstáit agus** saineolaithe ar fud an Aontais.

2. Comhlánóidh an Coimisiún gníomhaíochtaí na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 9 trí dhea-chleachtais**, ábhair threoracha** agus modheolaíochtaí a fhorbairt, agus trí ghníomhaíochtaí oiliúna agus cleachtaí trasteorann a fhorbairt chun athléimneacht eintiteas criticiúil a thástáil.

**3. Cuirfidh an Coimisiún foinsí airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athléimneacht a n-eintiteas criticiúil a fheabhsú.**

# CAIBIDIL VI
# MAOIRSEACHT AGUS FORFHEIDHMIÚ

*Airteagal 18*

*Cur chun feidhme agus forfheidhmiú*

1. Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí de bhun na Treorach seo ag na heintitis a shainaithin na Ballstáit gur eintitis chriticiúla iad de bhun Airteagal 5, áiritheoidh siad go mbeidh na cumhachtaí agus na modhanna ag na húdaráis inniúla chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh **ar an mbonneagar criticiúil agus** ar an áitreabh a úsáideann an t-eintiteas criticiúil chun a sheirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthar, agus maoirseacht lasmuigh den láthair ar bhearta na n-eintiteas criticiúil de bhun Airteagal 11;

   (b) iniúchtaí a dhéanamh nó a ordú i leith na n-eintiteas sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí agus na modhanna ag na húdaráis inniúla chun a éileamh, i gcás inar gá sin chun a gcúraimí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, go ndéanfaidh na heintitis a shainaithin siad gur eintitis chriticiúla iad de bhun mhír 5 an méid seo a leanas a sholáthar, laistigh de thréimhse ama réasúnach a leagfaidh na húdaráis sin síos:

   (a) an fhaisnéis is gá chun a mheasúnú an gcomhlíonann na bearta a rinne na h**eintitis** sin chun [...] **a** n-athléimneacht a áirithiú ceanglais Airteagal 11;

   (b) fianaise ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart sin, lena n-áirítear torthaí iniúchóireachta a dhéanfaidh iniúchóir cáilithe neamhspleách ar chostas an eintitis sin, ar iniúchóir é a roghnóidh an t-eintiteas.

   Agus an fhaisnéis sin á héileamh acu, luafaidh na húdaráis inniúla cuspóir an cheanglais agus sonróidh siad an fhaisnéis is gá.

3. Gan dochar don fhéidearthacht pionóis a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 19, féadfaidh na húdaráis inniúla, tar éis na ngníomhaíochtaí maoirseachta dá dtagraítear i mír 1, nó tar éis an mheasúnaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh siad a ordú do na heintitis chriticiúla lena mbaineann go ndéanfaidh siad na bearta comhréireacha is gá chun aon sárú ar an Treoir seo a leigheas, laistigh de thréimhse ama réasúnach a leagfaidh na húdaráis sin síos, agus go soláthróidh siad faisnéis do na húdaráis sin maidir leis na bearta a rinneadh. Cuirfear san áireamh sna horduithe sin, go háirithe, a thromchúisí is atá an sárú.

4. Áiritheoidh an Ballstát nach bhféadfar na cumhachtaí dá bhforáiltear i míreanna 1, 2 agus 3 a fheidhmiú ach amháin faoi réir coimircí iomchuí. Leis na coimircí sin, ráthófar, go háirithe, go ndéanfar an feidhmiú sin ar bhealach oibiachtúil trédhearcach comhréireach agus go ndéanfar cearta agus leasanna dlisteanacha na n-eintiteas criticiúil lena mbaineann**, amhail cosaint rún agus oibríochtaí trádála agus gnó** a choimirciú go cuí, lena n-áirítear a gceart chun éisteacht a fháil, a gceart chun cosanta agus a gceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair cúirt neamhspleách.

5. Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a dhéanfaidh údarás inniúil measúnú ar chomhlíontacht eintitis chriticiúil de bhun an Airteagail seo, go gcuirfidh sé údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann arna n-ainmniú faoi [Treoir NIS 2] ar an eolas agus go bhféadfaidh sé iarraidh ar na húdaráis sin [...] **a gcumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmithe a fheidhmiú i dtaca le heintiteas atá fíor-riachtanach faoi raon feidhme [Treoir NIS 2] agus a shainaithnítear freisin mar eintiteas criticiúil faoin Treoir seo,** chomh maith le hoibriú i gcomhar agus faisnéis a mhalartú chun na críche sin.

*Airteagal 19*

*Pionóis*

Na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo, déanfaidh na Ballstáit na rialacha sin a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha sin faoin [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill dó faoi aon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin agus a dhéanann difear dóibh.

## CAIBIDIL VII
## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 20*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*[...]*

*[...]*

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

*Airteagal 22*

*Tuairisciú agus athbhreithniú*

Déanfaidh an Coimisiún, faoin [[...] **6 bliana** tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhmiú na Treorach seo, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin méid sin. Déanfar measúnú sa tuarascáil, go háirithe, ar thionchar agus ar bhreisluach na Treorach seo maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil a áirithiú agus déanfar measúnú i dtaobh ar cheart [...] an **Iarscríbhinn a ghabhann leis an** Treoir [...] **a mhodhnú**. Cuirfear an chéad tuarascáil isteach faoi [[...] **7 mbliana agus 6 mhí** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] [...].

*Airteagal 23*

*Treoir 2008/114/CE a aisghairm*

Déantar Treoir 2008/114/CE a aisghairm le héifeacht ó [dháta [...] **thrasuí** na Treorach seo].

*Airteagal 24*

*Trasuí*

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialúcháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoi cheann [[...] **2 bhliain** tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ó [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo + lá amháin].

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 25*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 26*

*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| An tUachtarán | An tUachtarán |

IARSCRÍBHINN

Earnálacha, fo-earnálacha agus [...] **catagóirí** eintiteas

| Earnál**acha** | Fo-earnál**acha** | [...]**Catagóirí** entit[...]**eas** |
|---|---|---|
| 1. Fuinneamh | (a) Leictreachas | — Gnóthais leictreachais dá dtagraítear i bpointe (57) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/944[45] a dhéanann an fheidhm 'soláthar' dá dtagraítear i bpointe (12) d'Airteagal 2 den Treoir sin |
| | | — Oibreoirí córais dáileacháin dá dtagraítear i bpointe (29) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/944 |
| | | — Oibreoirí córais tarchurtha dá dtagraítear i bpointe (35) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/944 |
| | | — Táirgeoirí dá dtagraítear i bpointe (38) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/944 |
| | | — Oibreoirí margaidh leictreachais ainmnithe dá dtagraítear i bpointe (8) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/943[46] |
| | | |

45 Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE, (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125

46 Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

| | | |
|---|---|---|
| | | — Rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais dá dtagraítear i bpointe (25) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/943 lena soláthraítear comhbhailiú, freagairt don éileamh nó seirbhísí stórála fuinnimh dá dtagraítear i bpointí (18), (20) agus (59) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/944 |
| | (b) Téamh agus fuarú ceantair | — Téamh agus fuarú ceantair dá dtagraítear i bpointe (19) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/2001[47] maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn |
| | (c) Ola | — Oibreoirí píblínte tarchuir ola |
| | | — Oibreoirí saoráidí táirgthe, scagtha agus cóireála ola, agus stórála agus tarchuir ola |
| | | — Eintitis stocshealbhaíochta ola lárnacha dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/119/CE ón gComhairle[48] |

47 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

48 Treoir 2009/119/CE ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choimeád (IO L 265, 9.10.2009, lch. 9).

| | | |
|---|---|---|
| | (d) Gás | — Gnóthais soláthair dá dtagraítear i bpointe (8) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2009/73/CE[49] |
| | | — Oibreoirí córais dáileacháin dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (6) de Threoir (AE) 2009/73/CE |
| | | — Oibreoirí córais tarchuir dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (4) d' de Threoir (AE) 2009/73/CE |
| | | — Oibreoirí córais stórála dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (10) de Threoir (AE) 2009/73/CE |
| | | — Oibreoirí córais GNL dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (12) de Threoir (AE) 2009/73/CE |
| | | — Gnóthais gáis nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (1) de Threoir (AE) 2009/73/CE |
| | | — Oibreoirí saoráidí scagtha agus cóireála gáis nádúrtha |

49 Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).

| | | |
|---|---|---|
| | (e) Hidrigin | — Oibreoirí táirgthe, stórála agus tarchuir hidrigine |
| 2. Iompar | (a) Aer | — Aeriompróirí dá dtagraítear i bpointe (4) d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008[50] **a úsáidtear chun críoch tráchtála** |
| | | — Comhlachtaí bainistíochta aerfort dá dtagraítear i bpointe (2) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/12/CE[51], aerfoirt dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 den Treoir sin, lena n-áirítear na croí-aerfoirt a liostaítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013[52], agus eintitis a oibríonn suiteálacha coimhdeacha laistigh d'aerfoirt |
| | | — Oibreoirí rialaithe bainistíochta tráchta a sholáthraíonn rialú aerthráchta dá dtagraítear i Airteagal 2, pointe (1) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004[53] |

50 Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72).

51 Treoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le muirir aerfoirt (IO L 70, 14.3.2009, lch. 11).

52 Rialachán (CE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

53 Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an tAerspás Eorpach Aonair a chruthú (an creat-Rialachán) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 1).

| | | |
|---|---|---|
| | (b) Iarnród | — Bainisteoirí bonneagair dá dtagraítear i bpointe (2) d'Airteagal 3 de Threoir 2012/34/AE[54] |
| | | — Gnóthais iarnróid dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir 2012/34/AE, [...] **<u>agus</u>** oibreoirí saoráidí seirbhíse dá dtagraítear i bpointe (12) d'Airteagal 3 de Threoir 2012/34/AE |

[54] Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach iarnróid aonair (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32).

| | | |
|---|---|---|
| | (c) Uisce | — Cuideachtaí iompair paisinéirí agus lasta d'uiscebhealaí intíre, ar muir agus cois cósta, dá dtagraítear i dtaca le hiompar muirí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 725/2004[55], nach bhfuil na soithí aonair arna n-oibriú ag na cuideachtaí sin san áireamh ann |
| | | — Comhlachtaí bainistithe calafoirt dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2005/65/CE[56], lena n-áirítear a saoráidí calafoirt dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (11) de Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 agus eintitis a oibríonn oibreacha agus trealamh atá laistigh de chalafoirt |
| | | — Oibreoirí seirbhísí um thrácht árthaí dá dtagraítear i bpointe (o) d'Airteagal 3 de Threoir 2002/59/CE[57] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

55 Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú (IO L 129, 29.4.2004, lch. 6).

56 Treoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le slándáil calafoirt a fheabhsú (IO L 310, 25.11.2005, lch. 28).

57 Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

| | | |
|---|---|---|
| | (d) Bóthar | — Údaráis bhóithre dá dtagraítear i bpointe (12) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 [58] ón gCoimisiún atá freagrach as rialú bainistíochta tráchta, **gan eintitis phoiblí nach bhfuil an bainistíocht tráchta nó oibreoirí córas cliste iompair ach ina gcuid neamhriachtanach dá ngníomhaíocht ghinearálta, a chur san áireamh** |
| | | — Oibreoirí Córas Cliste Iompair dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 4 de Threoir 2010/40/AE[59] |
| 3. Baincéireacht **- chun críocha Airteagail 1-9 den Treoir seo, agus chun na gcríoch sin amháin** | | Institiúidí creidmheasa dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013[60] |

58 Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama a sholáthar ar fud an Aontais (IO L 157, 23.6.2015, lch. 21).

59 Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1).

60 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

| | | |
|---|---|---|
| 4. Bonneagair mhargaidh airgeadais **- chun críocha Airteagail 1-9 den Treoir seo, agus chun na gcríoch sin amháin** | | — Oibreoirí ionad trádála dá dtagraítear i bpointe (24) d'Airteagal 4 de Threoir 2014/65/AE[61] |
| | | — Contrapháirtithe lárnacha dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[62] |
| 5. Sláinte | | — Soláthraithe cúraim sláinte dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 3 de Threoir 2011/24/AE[63] |
| | | — Saotharlanna tagartha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán [XX] maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte[64] |

61 Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

62 Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

63 Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).

64 [Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE, tá an tagairt le tabhairt cothrom le dáta nuair a ghlacfar togra COM (2020)727 final].

| | | |
|---|---|---|
| | | — Eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ar tháirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe 2 de Threoir 2001/83/CE[65] |
| | | — Eintitis a mhonaraíonn táirgí cógaisíochta bunúsacha agus ullmhóidí cógaisíochta dá dtagraítear i roinn C, rannán 21 de NACE Ath. 2 |
| | | — Eintitis a mhonaraíonn feistí leighis a mheastar a bheith criticiúil le linn éigeandáil sláinte poiblí ('liosta feistí criticiúla na héigeandála sláinte poiblí') dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán XXXX[66] |

65 Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

66 [Rialachán maidir le ról treisithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus i mbainistiú i leith géarchéimeanna táirgí íocshláinte agus feistí leighis COM(2020) 725 final] tagairt a luaithe a thabharfar an togra cothrom le dáta].

| | | |
|---|---|---|
| 6. Uisce óil | | Soláthróirí agus dáileoirí uisce a bheartaítear le hól ag an duine dá dtagraítear i bpointe (1)(a) d'Airteagal 2 de Threoir 98/83/CE ón gComhairle[67] ach gan dáileoirí a áireamh ar ina leith nach bhfuil dáileadh uisce ach ina chuid **<u>neamhriachtanach</u>** dá ngníomhaíocht ghinearálta a bhaineann le dáileadh tráchtearraí agus earraí eile [...] |
| 7. Fuíolluisce | | Gnóthais a bhailíonn, a dhiúscraíonn, nó a chóireálann fuíolluisce uirbeach, tí agus tionsclaíoch dá dtagraítear i bpointí (1) go (3) d'Airteagal 2 de Threoir 91/271/CEE ón gComhairle [68], **<u>gan gnóthais nach bhfuil an bailiú, an diúscairt nó an chóireáil fuíolluisce uirbigh, tí agus thionsclaíoch ach ina gcuid neamhriachtanach dá ngníomhaíocht ghinearálta, a chur san áireamh</u>** |

[67] Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce a bheartaítear le hól ag an duine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

[68] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

| | | |
|---|---|---|
| 8. Bonneagar digiteach **- chun críocha Airteagail 1-9 den Treoir seo, agus chun na gcríoch sin amháin** | | — Soláthraithe Pointe Malartaithe Idirlín [dá dtagraítear i bpointe (X) d'Airteagal 4 de Threoir NIS 2] |
| | | — Soláthraithe seirbhísí DNS [dá dtagraítear i bpointe (X) d'Airteagal 4 de Threoir NIS 2], **gan oibreoirí freastalaithe fréamhainmneacha a chur san áireamh** |
| | | — Soláthraithe clárlann ainmneacha fearainn barrleibhéil [dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (X) de Threoir NIS 2] |
| | | — Soláthraithe seirbhíse néalríomhaireachta [dá dtagraítear i bpointe (X) d'Airteagal 4 de Threoir NIS 2] |
| | | — Soláthraithe seirbhíse lárionaid sonraí [dá dtagraítear i bpointe (X) d'Airteagal 4 de Threoir NIS 2] |

| | | |
|---|---|---|
| | | — Soláthraithe líonra seachadta ábhair [dá dtagraítear i bpointe (X) d'Airteagal 4 de Threoir NIS 2] |
| | | — Soláthraithe seirbhíse iontaoibhe dá dtagraítear i bpointe (19) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014[69] |
| | | — Soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí dá dtagraítear i bpointe (8) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972[70] nó soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí de réir bhrí phointe (4) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972 a mhéid is go bhfuil a seirbhísí ar fáil go poiblí |

69 Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

70 Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

| | | |
|---|---|---|
| [...] | | [...] |
| | | [...] [71] |
| | | [...] |

[71] [...]

| | | |
|---|---|---|
| 10. Spás | | — Oibreoirí bonneagair ar talamh atá faoi úinéireacht na mBallstát nó páirtithe príobháideacha, atá á bhainistiú acu agus á oibriú acu agus a thacaíonn le soláthar seirbhísí spásbhunaithe, seachas soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí de réir bhrí phointe (8) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972 |

**89**